# Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán

## Leabhrán Faisnéise

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# Table of Contents

Maidir leis an leabhrán seo ..... 3

Cumarsáid a dhéanamh le hOifig na Scéime Íocaíochta ..... 5

Íocaíochtaí agus tacaíochtaí atá ar fáil tríd an Scéim Íocaíochta ..... 6

Critéir cháilitheachta ..... 6

Cáilitheacht a dhemhniú ..... 6

Institiúidí atá clúdaithe faoin Scéim Íocaíochta ..... 9

Conas a ríomhtar sochair faoin Scéim Íocaíochta? ..... 13

Conas a dhéantar iarratas ar an Scéim Íocaíochta? ..... 17

Cé atá i dteideal an fhoirm iarratais don Scéim Íocaíochta a chomhlánú? ..... 19

Cén t-eolas a chaithfidh mé a chur san fhoirm iarratais? ..... 20

Deimhniú doiciméad ..... 28

An bhfuil cúnamh uait agus an t-iarratas á chomhlánú agat? ..... 32

Cad a tharlaíonn nuair a chuirtear iarratas isteach? ..... 36

Iarratais ar athbhreithniú ..... 40

Iarratas ar achomharc ..... 41

Nós imeachta chun gearáin a dhéanamh ..... 43

Tacaíochtaí ar fáil do mharthanóirí agus iarchónaitheoirí na n-Institiúidí Máithreacha agus Naíonán agus Teaghlaigh Chontae ..... 45

Íocaíochtaí ar bhonn na tréimhse a caitheadh in institiúid sceidealaithe ..... 47

Ráiteas Príobháideachais Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán ..... 49

# Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán

# Leabhrán Faisnéise

## Maidir leis an leabhrán seo

Tugann an leabhrán seo eolas duit faoi Scéim Íocaíochta na nÁras Máithreacha agus Naíonán.

Tá critéir cháilitheachta don Scéim Íocaíochta leagtha amach sa leabhrán seo, chomh maith leis na hinstitiúidí atá clúdaithe agus na sochair atá ar fáil. Déantar cur síos freisin ar an bhfoirm iarratais agus conas í a chomhlánú.

Tá an leabhrán seo mionsonraithe go leor, lena chinntiú go bhfuil an t-eolas ar fad agat a d'fhéadfadh a bheith uait maidir leis an Scéim Íocaíochta. Tá cur síos ar na príomhchéimeanna sa phróiseas ar an gcéad leathanach eile.

## Faoi Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán

Bunaíodh an Scéim Íocaíochta tríd an Acht um Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán 2023.

Déanann sé foráil maidir le híocaíochtaí airgid agus tacaíochtaí sláinte do dhaoine incháilithe, chun na cúinsí a sheas siad in Institiúidí Máithreacha agus Naíonán agus i dTeaghlaigh Chontae in Éirinn a athint.

## Scéim Íocaíochta – na príomhchéimeanna

Cuireann tú d'fhoirm iarratais isteach

Seolaimid admháil chugat, ina bhfuil **d'Uimhir Thagartha Iarratais**

Déanaimid seiceáil ar d'iarratas chun a chinntiú go bhfuil gach faisnéis, comhartha aitheantais deimhnithe, agus doiciméid riachtanacha eile san áireamh.

Cuirtear d'iarratas sa scuaine, a chuirtear in ord tosaíochta de réir aoise. Má d'iarr tú go dtabharfaí tosaíocht do d'iarratas mar gheall ar thinneas foirceanta, cuirfear i scuaine ardtosaíochta ar leith é.

Cuardaímid do thaifid i ngach bunachar sonraí atá ar fáil

I ndiaidh dúinn an cuardach taifead a chríochnú agus an t-am a caitheadh in institiúid sceidealaithe a dheimniú, ríomhaimid na sochair atá dlite duit, más ann dóibh.

Seolaimid doiciméad Fógra Cinnidh chugat, a leagann amach an cinneadh maidir le d'iarratas agus aon tairiscint atá á déanamh duit.

Féadfaidh tú glacadh leis an tairiscint atá á tabhairt duit nó, mura bhfuil tú sásta, féadfaidh tú iarraidh ar Oifig na Scéime Íocaíochta athbhreithniú a dhéanamh ar an gcinneadh sin. Tá próiseas neamhspleách achomharc ag an Scéim freisin mura bhfuil tú sásta le toradh athbhreithnithe.

# Cumarsáid a dhéanamh le hOifig na Scéime Íocaíochta

Tuigimid go bhféadfadh go spreagfaidh iarratas ar an Scéim Íocaíochta mothúcháin láidre dóibh siúd a tháinig slán as na hinstitiúidí agus d'iarchónaitheoirí. Tig leat a bheith cinnte go bhfuil sé mar aidhm ag Oifig na Scéime Íocaíochta caitheamh le gach duine ar bhealach cineálta tuisceanach measúil.

Nuair a chuireann tú iarratas isteach, beidh orainn cumarsáid a dhéanamh leat i scríbhinn. Ag brath ar an gcaoi a ndéanann tú iarratas, déanfar an teagmháil seo trínár suíomh gréasáin, nó tríd an bpost cláraithe. Más mian leat, is féidir leat d'uimhir theileafóin a sholáthar dúinn freisin, ionas gur féidir linn teagmháil a dhéanamh leat ar an bhfón, más gá, maidir le d'iarratas.

Seolfar aon phost ó Oifig na Scéime Íocaíochta tríd an bpost cláraithe, i gclúdach litreach nach mbeidh aon mharcanna aitheantais uirthi. Ní bheidh aon tagairt don Scéim Íocaíochta ar do ráiteas bainc in íocaíochtaí a dhéantar leat. Tiocfaidh glaonna ó Oifig na Scéime Íocaíochta ón uimhir theileafóin +353 1 522 9992. Tabhair faoi deara nach n-iarrfaimid riamh ort do shonraí bainc a thabhairt ar an bhfón.

Is féidir ár ráiteas príobháideachais a léamh in Aguisín 1, nó ar líne ar www.gov.ie/paymentscheme, áit a bhfaighidh tú freisin ár bpolasaithe cosanta sonraí agus faisnéis maidir le hIarratais Rochtana ar Ábhar agus Iarratais um Shaoráil Faisnéise.

Is iad seo a leanas sonraí teagmhála Oifig na Scéime Íocaíochta:

Fón: +353 1 522 9992, Luan go hAoine 09:00-18:00 GMT

Ríomhphost: info@paymentscheme.ie

Post: Bosca PO 13668, Port Láirge, Éire

Tá sé mar aidhm againn seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar duit, gach glaoch a fhreagairt go tapa agus cumarsáid scríofa a admháil go pras.

Má chuireann tú glaoch orainn, is féidir leat glaoch ar ais a iarraidh ionas nach mbeidh ort fanacht ar feitheamh, nó is féidir leat teachtaireacht gutha a fhágáil taobh amuigh d'uaireanta oibre agus déanfaimid iarracht glaoch a chur ar ais ort ag am oiriúnach.

Má tá tú ag dul i dteagmháil linn maidir le d'iarratas, tabhair d'Uimhir Thagartha Iarratais, nó faigh faoi réir í.

# Íocaíochtaí agus tacaíochtaí atá ar fáil tríd an Scéim Íocaíochta

Tá trí shochar ar fáil faoin Scéim Íocaíochta: íocaíocht ghinearálta; íocaíocht a bhaineann le hobair; agus tacaíochtaí sláinte.

## Critéir cháilitheachta

Chun bheith i dteideal shochair faoin Scéim Íocaíochta ní mór méid áirithe ama a bheith caite agat i gceann de na hinstitiúidí a áirítear i dtábla 1 nó tábla 2 ar leathanaigh 9, 10 agus 11. Ní mór go raibh tú san institiúid (nó sna hinstitiúidí) ar nó roimh dheireadh na 'bliana deiridh' atá liostaithe sna táblaí.

Má tá socraíocht chúirte faighte agat maidir leis na dálaí a sheas tú agus a bhaineann leis an tréimhse chéanna san institiúid nó sna hinstitiúidí a bhfuil iarratas á dhéanamh air/orthu, ní bheidh tú i dteideal iarratas a dhéanamh ar íocaíocht ghinearálta ná ar íocaíocht a bhaineann le hobair. D'fhéadfá a bheith i dteideal tacaíochtaí sláinte, áfach.

Tá tuilleadh eolais ar na critéir cháilitheachta do gach ceann de na sochair leagtha amach thíos.

## Cáilitheacht a dhemhniú

Ríomhtar na sochair atá ar fáil faoin Scéim Íocaíochta ar bhonn na tréimhse a chaith duine in institiúid. Ar bhonn na faisnéise a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais, déanfaidh Oifig na Scéime Íocaíochta cuardach ar na taifid institiúideacha atá ar fáil chun é seo a dheimhniú duit.

### Cáilitheacht le haghaidh íocaíocht ghinearálta

Tá tú i dteideal íocaíocht ghinearálta má bhí tú in aon cheann de na hinstitiúidí atá liostaithe i **dtábla 1** nó **tábla 2** ar leathanaigh 9, 10 agus 11:

- **ar feadh oíche amháin ar a laghad,** mar mháthair, ar chúiseanna a bhaineann le toircheas nó le breith nó cúram do linbh; nó
- **ar feadh 180 lá ar a laghad**, mar leanbh.

## Cáilitheacht le haghaidh íocaíocht a bhaineann le hobair

Tá tú i dteideal íocaíocht a bhaineann le hobair má bhí tú in aon cheann de na hinstitiúidí atá liostaithe i **dtábla 1** ar leathanaigh 10 agus 11 **ar feadh níos mó ná 90 lá** ar chúiseanna a bhaineann le toircheas, nó le breith nó le cúram do linbh.

## Cáilitheacht le haghaidh tacaíochtaí sláinte

Tá tú i dteideal tacaíochtaí sláinte má chaith tú **180 lá nó níos mó** in aon cheann de na hinstitiúidí atá liostaithe i **dtábla 1 nó tábla 2**. Is iad na tacaíochtaí sláinte seo ná:

- cárta leighis feabhsaithe; nó
- do dhaoine a chónaíonn lasmuigh d'Éirinn amháin, íocaíocht tacaíochta sláinte dar luach €3,000, in ionad an chárta leighis fheabhsaithe.

Má tá iarratas á dhéanamh agat ar thacaíochtaí sláinte, beidh ort a dheimhniú nach bhfuil tacaíochtaí sláinte faighte agat faoin Scéim Ex-Gratia um Cheartas Aisiríoch i leith Neachtlanna Mhaigdiléana (Magdalen Restorative Justice Ex Gratia Scheme). Má tá tacaíochtaí sláinte faighte agat faoi sin, ní bheidh tú i dteideal aon tacaíochtaí sláinte tríd an Scéim Íocaíochta seo. Is é is cúis leis sin ná go bhfuil na nithe seo a leanas cheana féin ag aon duine a fuair tacaíochtaí sláinte faoin Scéim Ex-Gratia um Cheartas Aisiríoch i leith Neachtlanna Mhaigdiléana:

- cárta leighis, a sholáthraíonn na sochair chéanna leis an gcárta leighis feabhsaithe faoin Scéim Íocaíochta seo; nó
- má tá cónaí ort thar lear, rochtain ar an Scéim Sásaimh Aisíocaíochta 2015 (Redress Reimbursement Scheme 2015 as Béarla).

## Seirbhísí atá ar fáil leis an gcárta leighis feabhsaithe

Tá sealbhóir cárta leighis fheabsaithe i dteideal na seirbhísí seo a leanas, saor in aisce:

- seirbhísí GP;
- drugaí ordaithe, cógais, áiseanna agus fearais;
- seirbhísí fiaclóireachta, oftalmacha (seirbhísí chun cabhrú le galair súl) agus na gcluas (éisteachta);
- altranas baile;
- tacaíocht bhaile;
- comhairleoireacht;
- cosliacht (fadhbanna cosa); agus
- fisiteiripe.

Ina theannta sin, má tá cárta leighis agat ní gá duit táille reachtúil €100 Rannóg na hÉigeandála a íoc.

**TABHAIR FAOI DEARA:** Má tá cárta leighis de réir tástála acmhainne agat in Éirinn cheana féin, d'fhéadfadh sé gurbh fhiú cur isteach ar an gcárta leighis feabhsaithe faoin Scéim Íocaíochta seo ar aon nós. Is é is cúis leis sin ná nach ndéantar tástáil acmhainne ar an gcárta leighis feabhsaithe. Más rud é go bhfuil cónaí ort in Éirinn agus nach mian leat iarratas a dhéanamh ar an gcárta leighis feabhsaithe, ní féidir leat an íocaíocht tacaíochta sláinte a roghnú ina ionad sin, mar is dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d'Éirinn amháin a chuirtear sí sin ar fáil.

## Roghanna má tá cónaí ort taobh amuigh d'Éirinn

Beag beann ar an áit a bhfuil tú i do chónaí, is ar an mbealach céanna a bhronntar na **híocaíochtaí airgid** faoin Scéim Íocaíochta seo.

Maidir le **tacaíochtaí sláinte**, ní féidir leas a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil leis an gcárta leighis feabhsaithe lasmuigh d'Éirinn. Mar sin, má tá cónaí ort thar lear, is féidir leat iarratas a dhéanamh ar íocaíocht tacaíochta sláinte dar luach €3,000, in ionad an chárta leighis fheabhsaithe. Lena chois sin, más rud é go bhfuil cónaí ort lasmuigh d'Éirinn ach go dteastaíonn cárta leighis feabhsaithe uait ar aon nós (má tá sé i gceist agat filleadh ar Éirinn go sealadach nó go buan), beidh Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSP) ag teastáil uait. Ina theannta sin, chun leas a bhaint as na seirbhísí atá ar fáil leis an gcárta leighis feabhsaithe, ní mór duit a bheith cláraithe le Dochtúir Ginearálta in Éirinn.

# Institiúidí atá clúdaithe faoin Scéim Íocaíochta

Chun bheith i dteideal sochar, caithfidh duine tréimhse áirithe a bheith caite aige/aici i gceann amháin (nó níos mó) de na hInstitiúidí Máithreacha agus Naíonán nó Teaghlaigh Chontae atá liostaithe i dtábla 1 nó i dtábla 2 thíos. I dTábla 1, áirítear na hinstitiúidí atá ábhartha maidir le híocaíocht ghinearálta, le híocaíocht a bhaineann le hobair agus le tacaíochtaí sláinte. Na cinn a áirítear i dTábla 2, tá siadsan ábhartha maidir leis an íocaíocht ghinearálta agus tacaíochtaí sláinte amháin. Mura bhfuil an institiúid/na hinstitiúidí ar chaith tú am inti/orthu ar na táblaí seo, níl sí/siad san áireamh sa Scéim Íocaíochta agus níl tú incháilithe.

Tá 'bliain deiridh' le feiceáil sna táblaí. Chun bheith i dteideal sochair faoin Scéim Íocaíochta, ní mór duit a bheith tagtha isteach san institiúid ar nó roimh an 31 Nollaig den bhliain deiridh.

## Tábla 1 – Institiúidí atá ábhartha maidir le híocaíocht ghinearálta, íocaíocht a bhaineann le hobair agus tacaíochtaí sláinte (ag brath ar an tréimhse)

| Ainm na hInstitiúide | Ainm eile a thugtar ar an institiúid | Bliain deiridh |
|---|---|---|
| Carlow County Home | Sacred Heart Home, Co. Carlow | 1963 |
| Cavan County Home | St. Felim's County Home, Co. Cavan | 1962 |
| Clare (Ennis) County Home | St. Joseph's Hospital, Co. Clare | 1952 |
| Cork County Home | County Home section of St.Finbarr's Hospital, Co. Cork | 1960 |
| Cork (Midleton) County Home | Our Lady of Lourdes Home, Co. Cork | 1960 |
| Cork (Clonakilty) County Home | Mount Carmel Home, Co. Cork | 1965 |
| Cork (Fermoy) County Home | St. Patrick's Hospital Fermoy, Co. Cork | 1969 |
| Donegal (Stranorlar) County Home | St. Joseph's Stranorlar, Co. Donegal | 1964 |
| Galway (Loughrea) County Home | St. Brendan's Home, Loughrea | 1964 |
| Kerry (Killarney) County Home | St. Columbanus House, Killarney | 1963 |
| Kildare (Athy) County Home | St. Vincent's Hospital, Athy | 1969 |
| Kilkenny (Thomastown) County Home | St. Columba's County Home | 1966 |
| Laois (Mountmellick) County Home | St. Vincent's Hospital | 1969 |
| Leitrim (Carrick on Shannon) County Home | St. Patrick's Home | 1951 |
| Limerick (Newcastlewest) County Home | St. Ita's Home | 1965 |
| Limerick (City) County Home | St. Camillus Hospital | 1970 |
| Longford County Home | St. Joseph's Hospital | 1952 |

| Ainm na hInstitiúide | Ainm eile a thugtar ar an institiúid | Bliain deiridh |
|---|---|---|
| Mayo (Castlebar) County Home | Sacred Heart Home | 1938 |
| Meath (Trim) County Home | St. Joseph's Home, Trim | 1964 |
| Monaghan (Castleblaney) County Home | St. Mary's Hospital | 1966 |
| Offaly (Tullamore) CountyHome | St. Vincent's Hospital | 1956 |
| Roscommon County Home | Sacred Heart Home | 1957 |
| Sligo County Home | St. John's Hospital | 1973 |
| North Tipperary (Thurles) County Home | Hospital of the Assumption/ Our Lady's Community Hospital of the Assumption | 1955 |
| South Tipperary (Cashel) County Home | St. Patrick's Hospital | 1955 |
| Waterford (Dungarvan) County Home | St. Joseph's Hospital | 1970 |
| Westmeath (Mullingar) County Home | St. Mary's Hospital | 1955 |
| Wexford (Enniscorthy) County Home | St. John's Hospital | 1936 |
| Wicklow (Rathdrum) County Home | St. Colman's, Rathdrum | 1971 |
| The Tuam Children's Home | | 1961 |
| Sean Ross Abbey, County Tipperary | | 1969 |

## Tábla 2 – Institiúidí atá ábhartha maidir le híocaíocht ghinearálta agus tacaíochtaí sláinte (ag brath ar an tréimhse)

| Ainm na hInstitiúide | Bliain deiridh |
|---|---|
| St. Patrick's/Pelletstown, Navan Road (Eglinton House), Dublin | 1998 |
| Bessborough Mother and Baby Home, Cork, Co. Cork | 1998 |
| Manor House, Castlepollard, Co. Westmeath | 1971 |
| Árd Mhuire, Dunboyne, Co. Meath | 1991 |
| Bethany Home, Dublin | 1971 |
| Denny House, Dublin | 1994 |
| Miss Carr's Flatlets, Dublin | 1998 |
| The Regina Coeli Hostel, Dublin | 1998 |
| The Castle, Newtowncunningham, Co. Donegal | 1998 |
| The County Clare Nursery, Kilrush, Co. Clare | 1932 |
| Belmont Flatlets, Dublin | 1998 |
| St. Gerard's, Dublin | 1939 |
| St. Kevin's Institution (initially the Dublin Union), Dublin | 1935 |

# Conas a ríomhtar sochair faoin Scéim Íocaíochta?

Braitheann sochair na Scéime Íocaíochta ar an tréimhse a chaith duine in institiúid(í) ábhartha.

Is ar bhonn na rátaí íocaíochta sa tábla ar leathanaigh 47 agus 48 a ríomhtar an íocaíocht ghinearálta agus an íocaíocht a bhaineann le hobair.

Seo roinnt samplaí chun a thaispeáint conas a ríomhtar sochair.

## Sampla 1

Chaith Joan am in Bessborough Mother and Baby Home mar mháthair. Déanann sí iarratas ar an íocaíocht ghinearálta agus ar thacaíochtaí sláinte.

Déanann Oifig na Scéime Íocaíochta cuardach ar na taifid institiúideacha, a léiríonn go raibh Joan in Bessborough ó 13 Bealtaine 1972 go 24 Bealtaine 1973. Is ionann sin agus 377 lá féilire.

Mar sin, tá Joan i dteideal na híocaíochta ginearálta do dhuine a chaith 361-450 lá in institiúid incháilithe. Is ionann sin agus €15,000.

Toisc gur chaith Joan níos mó ná 180 lá in institiúid, tá sí i dteideal tacaíochtaí sláinte freisin. Tá cónaí ar Joan in Éirinn, mar sin tá sí i dteideal cárta leighis feabhsaithe.

## Sampla 2

Tá cónaí ar Éilis i Sasana anois, ach chaith sí tamall in Tuam Mother and Baby Home mar mháthair. Tá Tuam Mother and Baby Home ar cheann de na hinstitiúidí atá ábhartha maidir leis an íocaíocht a bhaineann le hobair. Mar sin déanann Éilis iarratas ar an íocaíocht ghinearálta, ar íocaíocht a bhaineann le hobair, agus ar thacaíochtaí sláinte.

Deimhníonn cuardach taifead go raibh Éilis in Tuam Mother and Baby Home ó 29 Eanáir 1958 go 16 Eanáir 1960. Is ionann sin agus 718 lá féilire. Mar sin, tá Éilis i dteideal íocaíocht ghinearálta dar luach €18,750 agus íocaíocht a bhaineann le hobair dar luach €10,500, toisc gur chaith sí 631-720 lá in institiúid incháilithe. Is ionann sin agus €29,250 san iomlán.

Toisc gur chaith Éilis níos mó ná 180 lá in institiúid, tá sí i dteideal tacaíochtaí sláinte freisin. Tá cónaí ar Éilis i Sasana anois, mar sin roghnaíonn sí an íocaíocht tacaíochta sláinte.

## Sampla 3

Chaith Tom tamall in Roscommon County Home (ar a dtugtar Sacred Heart Home freisin) mar leanbh. Déanann sé iarratas ar íocaíocht ghinearálta, ar íocaíocht a bhaineann le hobair agus ar thacaíochtaí sláinte.

Deimhnítear le cuardach taifead gur rugadh Tom in Roscommon County Home ar 12 Aibreán 1952 agus gur fhág sé ar 10 Eanáir 1953. Is ionann sin agus 274 lá féilire.

Mar sin, tá Tom i dteideal na híocaíochta ginearálta do dhuine a chaith 180-360 lá in institiúid incháilithe. Is ionann sin agus €12,500. Cé go bhfuil Roscommon County Home ar cheann de na hinstitiúidí atá ábhartha maidir leis an an íocaíocht a bhaineann le hobair, níl an íocaíocht seo ar fáil ach dóibh siúd a chaith am san institiúid ar chúiseanna a bhaineann le toircheas, nó le breith nó cúram a linbh. Ós mar leanbh a chaith Tom am san institiúid, níl sé i dteideal íocaíocht a bhaineann le hobair.

Toisc gur chaith Tom níos mó ná 180 lá san institiúid, tá sé i dteideal tacaíochtaí sláinte. Tá cónaí ar Tom in Éirinn, mar sin tá sé i dteideal cárta leighis feabhsaithe.

## Sampla 4

Chaith Máire tamall in St. Patrick’s, Navan Road, Dublin, mar mháthair. Déanann sí iarratas ar íocaíocht ghinearálta, ar íocaíocht a bhaineann le hobair, agus ar thacaíochtaí sláinte.

Léiríonn cuardach taifead go raibh Máire in St. Patrick's mar mháthair ón 3 Bealtaine 1978 go dtí an 3 Meán Fómhair 1978, an dá lá sin san áireamh. San iomlán, is ionann sin agus 124 lá féilire.

Mar sin, tá Mary i dteideal na híocaíochta ginearálta dar luach €10,000 do dhuine a chaith 90-179 lá in institiúid incháilithe.

Toisc nach bhfuil St. Patrick›s ar cheann de na hinstitiúidí atá ábhartha maidir le híocaíocht a bhaineann le hobair, atá liostaithe i dtábla 1, níl Máire i dteideal na híocaíochta sin.

Toisc go raibh sí san institiúid ar feadh níos lú ná 180 lá, níl Mary i dteideal tacaíochtaí sláinte. Mar sin, is íocaíocht ghinearálta €10,000 í teidlíocht iomlán Mháire.

## Sampla 5

Chaith Margaret tamall in Árd Mhuire, Dún Búinne mar leanbh, agus in Sean Ross Abbey mar mháthair. Déanann sí iarratas ar íocaíocht ghinearálta, ar íocaíocht a bhaineann le hobair, agus ar thacaíochtaí sláinte. Tá cónaí ar Margaret i mBéal Feirste anois, mar sin déanann sí iarratas ar an íocaíocht tacaíochta sláinte.

Léirítear le cuardach taifead go raibh Margaret in Árd Mhuire mar leanbh ó 1 Bealtaine 1952 go dtí 1 Deireadh Fómhair 1952 agus in Sean Ross Abbey ó 1 Bealtaine 1970 go dtí 30 Bealtaine 1970.

Mar sin, chaith sí 154 lá in Árd Mhuire mar leanbh, agus 30 lá in Sean Ross Abbey mar mháthair. Is ionann sin agus 184 lá féilire san iomlán.

Toisc gur chaith Margaret níos lú ná 180 lá in Árd Mhuire mar leanbh, níl sí i dteideal íocaíocht ghinearálta a fháil i leith na tréimhse sin. Mar sin féin tá sí i dteideal íocaíocht ghinearálta dar luach €5,000 i leith na tréimhse a chaith sí in Sean Ross Abbey. Cé go bhfuil Sean Ross Abbey ar cheann de na hinstitiúidí atá ábhartha maidir leis an íocaíocht a bhaineann le hobair, chaith Margaret níos lú ná 90 lá san institiúid sin, mar sin níl sí i dteideal na híocaíochta sin.

Tá Margaret i dteideal tacaíochtaí sláinte, agus gheobhaidh sí a rogha maidir leis an íocaíocht tacaíochta sláinte, toisc go bhfuil an t-am a chaith sí ina máthair agus ina leanbh sna hinstitiúidí éagsúla níos mó ná 180 lá san iomlán.

## Sampla 6

Chaith Patrick tamall in Castlepollard san Iarmhí agus é ina leanbh. Déanann sé iarratas ar íocaíocht ghinearálta agus ar thacaíochtaí sláinte.

Léirítear le cuardach taifead go raibh Patrick in Castlepollard ó 3 Aibreán 1965 go 6 Meitheamh 1967. Is ionann sin agus 795 lá féilire.

Mar sin, tá Patrick i dteideal íocaíocht ghinearálta €20,000 a fháil do dhuine a chaith 721-810 lá in institiúid incháilithe.

Toisc gur chaith Patrick níos mó ná 180 lá san institiúid, tá sé i dteideal tacaíochtaí sláinte freisin. Tá cónaí ar Patrick in Éirinn, mar sin tá sé i dteideal cárta leighis feabhsaithe.

## Conas a dhéantar iarratas ar an Scéim Íocaíochta?

Is é an bealach is tapúla agus is éasca chun iarratas a dhéanamh ar an Scéim Íocaíochta ná tríd an suíomh gréasáin ar www.gov.ie/paymentscheme.

Más fearr leat leagan páipéir den fhoirm a úsáid, féadfaidh tú:

- cóip a íoslódáil ar www.gov.ie/paymentscheme; nó
- déan teagmháil le hOifig na Scéime Íocaíochta ar an bhfón ag +353 1 522 9992 (Luan go hAoine 09:00-18:00 GMT) nó seol ríomhphost chuig info@paymentscheme.ie chun cóip a iarraidh tríd an bpost/ar ríomhphost.

Má tá tú in Éirinn, is féidir leat an fhoirm a fháil ag do leabharlann áitiúil nó san Ionad Faisnéise do Shaoránaigh is gaire duit.

Má tá cónaí ort taobh amuigh d'Éirinn agus nach mian leat an suíomh gréasáin a úsáid, is féidir leat glaoch ar +353 1 522 9992 nó dul i dteagmháil le d'Ambasáid nó Consalacht áitiúil chun cóip pháipéir den fhoirm a fháil. Tá liosta ambasáidí agus consalachtaí ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Gnóthaí Eachtracha ar www.ireland.ie/en/dfa/embassies

## Cad is gá a dhéanamh sula ndéantar iarratas?

Sula ndéanann tú iarratas ar an Scéim Íocaíochta, ba cheart duit athbhreithniú a dhéanamh ar liosta na n-institiúidí incháilithe i dtábla 1 agus i dtábla 2 ar leathanaigh 10, 11 agus 12, agus ar na critéir cháilitheachta eile, ar leathanaigh 6 agus 7.

Chun an t-iarratas a chomhlánú, beidh ort ainm na hinstitiúide ar chaith tú am inti a bheith ar eolas agat. Mura bhfuil ainm na hinstitiúide ar eolas agat, b'fhéidir go bhféadfaidh tú é a fháil amach ach úsáid a bhaint as Birth Information and Tracing Services. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.birthinfo.ie.

## An bhfuil cúnamh ag teastáil uait?

Má tá ceist agat ag am ar bith maidir leis an bhfoirm nó leis an bpróiseas iarratais, sula gcuireann tú d'iarratas isteach, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le hOifig na Scéime Íocaíochta ar an teileafón ar +353 1 522 9992 (Luan go hAoine 09:00-18:00 GMT) nó ar ríomhphost ar info@paymentscheme.ie.

Ní gá dlíodóir a fhostú chun iarratas a dhéanamh ar an Scéim Íocaíochta. Má tá cúnamh ag teastáil uait agus an fhoirm á comhlánú agat, tá tuilleadh eolais faoi na tacaíochtaí atá ar fáil ar leathanaigh 32-35.

# Cé atá i dteideal an fhoirm iarratais don Scéim Íocaíochta a chomhlánú?

Is féidir leat an fhoirm iarratais a líonadh:

- **Ar do shon féin**, fiú más le cúnamh ó Chúntóir Cinnteoireachta nó Comhchinnteoir (má tá socrú foirmiúil i bhfeidhm agat a thagann faoin Scéim Íocaíochta seo).
- Mar **dhuine tacaíochta a bhfuil socrú foirmiúil i bhfeidhm agat gníomhú thar ceann duine a d'fhéadfadh a bheith i dteideal cur isteach ar an Scéim Íocaíochta.** Is iad na socruithe foirmiúla seo ná:
    - o Ionadaí Cinnteoireachta arna cheapadh ag an gcúirt faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.
    - o Coimircí Cúirte mar choiste an Choimircí arna cheapadh ag an gcúirt.
    - o Cumhacht Mharthanach Aturnae faoin Acht um Chumhachtaí Aturnae, 1996.
    - o Cumhacht Mharthanach Aturnae faoin Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015.
    - o Socrú dlíthiúil comhchosúil ó Stát eile.
- Mar **ionadaí pearsanta**, thar ceann eastát duine éagtha a fuair bás an 13 Eanáir 2021 nó ina dhiaidh sin, dáta ar ghabh an Taoiseach leithscéal leis na daoine a tháinig slán as na hinstitiúidí agus leis na hiarchónaitheoirí.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoina bhfuil le déanamh i ngach ceann de na cásanna sin, féach ar na leathanaigh seo a leanas.

**Tábhachtach:** Tugtar **an t-iarratasóir** ar an duine a chaith am san institiúid incháilithe i **ngach** cás, beag beann ar cé a chomhlánaíonn an fhoirm nó a dhéanann an t-iarratas.

# Cén t-eolas a chaithfidh mé a chur san fhoirm iarratais?

**Is cuma cé acu a bhíonn an t-iarratas á dhéanamh ar líne nó leis an bhfoirm pháipéir, bíonn an fhaisnéis chéanna de dhíth.**




Má tá iarratas á dhéanamh agat ar líne, ag www.gov.ie/paymentscheme, beidh ort cuntas a chruthú ar an suíomh gréasáin ar dtús. I ndiaidh duit é sin a dhéanamh, is féidir tús a chur leis an bpróiseas iarratais ar líne.

Tá cúig chuid san fhoirm iarratais pháipéir. Gheobhaidh tú eolas ar gach ceann de na codanna seo thíos. Ní hionann na codanna ar an suíomh gréasáin agus na codanna san fhoirm pháipéar, ach fiafrófar an fhaisnéis chéanna díot. Mar sin beidh an fhaisnéis thíos úsáideach beag beann ar an gcaoi a bhfuil d'iarratas á dhéanamh agat.

Is cuma an bhfuil an t-iarratas á dhéanamh ar líne nó leis an bhfoirm pháipéir, beidh réimsí riachtanacha ar gá iad a chomhlánú ag baint le gach iarratas. Marcálfar iad sin le *.

## Cuid 1: Sonraí teagmhála an duine a chomhlánaíonn an fhoirm

Is féidir leat an fhoirm a chomhlánú:

- Ar do shon féin, má chaith tú am in institiúid sceidealaithe.
- Mar dhuine tacaíochta a bhfuil socrú foirmiúil i bhfeidhm agat gníomhú thar ceann duine a d'fhéadfadh a bheith i dteideal cur isteach ar an Scéim Íocaíochta.
- Mar ionadaí pearsanta, thar ceann eastát duine incháilithe éagtha a fuair bás ar nó roimh an 13 Eanáir 2021.

Sa chuid seo den fhoirm, **iarrfar ort a chur in iúl** cén cháilíocht ina bhfuil tú ag comhlánú na foirme seo.

Beidh ort **do shonraí teagmhála a sholáthar** freisin. Tabhair faoi deara go gcaithfidh Oifig na Scéime Íocaíochta scríobh chugat. Má dhéanann tú iarratas ar líne, is ar an suíomh gréasáin a dhéanfar é sin, agus má dhéanann tú iarratas tríd an bpost, tríd an bpost cláraithe.

## Cuid 2: Duine a chaith am in institiúid sceidealaithe

Sa chuid seo, beidh ort do shonraí pearsanta a sholáthar, (nó sonraí an duine a chaith am in institiúid sceidealaithe má tá iarratas á dhéanamh agat mar dhuine tacaíochta nó mar ionadaí pearsanta), lena n-áirítear rudaí amhail ainm agus dáta breithe.

Ar an bhfoirm pháipéir, ní mór tic a chur i mbosca lena **dheimhniú gur chaith tú (nó an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh agat thar a c(h)eann) am in** institiúid sceidealaithe, agus ainm na hinstitiúide nó na n-institiúidí a chur leis.

Ar an bhfoirm ar líne, ní mór an institiúid/na hinstitiúidí ar chaith tú (nó an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh agat thar a c(h)eann) am inti/iontu a roghnú ó liosta.

Cé go dteastaíonn ainm(neacha) na hinstitiúide uainn, tuigimid nach mbeidh a fhios ag gach duine na dátaí beachta teachta agus imeachta ón/óna institiúid/hinstitiúidí ar leith. Más amhlaidh atá, ná bíodh imní ort - is féidir meastachán a thabhairt.

Ní gá taifid a chur le d'iarratas. Má chuireann tú isteach iad, déanfaidh foireann Oifig na Scéime Íocaíochta iad a athbhreithniú agus cuirfear ar ais chugat iad ansin.

Mar aon leis an bhfaisnéis eile a chuirtear ar fáil ar an bhfoirm, cuideoidh an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa chuid seo le foireann Oifig na Scéime Íocaíochta agus iad ag seiceáil taifead agus ag déanamh cinnidh i leith d'iarratais faoin Scéim Íocaíochta.

Tabhair faoi deara gur chóir duit faisnéis ar na tréimhsí go léir a caitheadh in institiúidí sceidealaithe a chur san áireamh sa chuid seo, chun a chinntiú go bhfuil aon dámhachtain atá dlite duit á ríomh i gceart againn.

Mar sin, má bhí tú i gceann de na hinstitiúidí mar leanbh agus ansin arís mar mháthair, ba cheart duit iarratas a dhéanamh ar an Scéim Íocaíochta ag an am céanna don dá thréimhse sin.

Mar an gcéanna, má chaith tú am i níos mó ná institiúid amháin, agus más mian leat iarratas a dhéanamh ar an Scéim Íocaíochta i leith na dtréimhsí sin ar fad, ní mór duit iad ar fad a liostú ar an bhfoirm chéanna amháin.

Tá a fhios againn go bhféadfadh sé gur chaith roinnt iarratasóirí tamaill as láthair ó na hinstitiúidí ar bhonn sealadach, mar shampla le haghaidh cuairteanna ospidéil nó turais deireadh seachtaine. Ní gá duit insint dúinn faoi na hasláithreachtaí seo. Breathnófar ar aon asláithreacht níos lú ná 180 lá mar am a caitheadh san institiúid chun críche na Scéime Íocaíochta.

## Cuid 3: Sochair a bhfuiltear ag cur isteach orthu

Beidh ort iarratas a dhéanamh ar na sochair go léir a cheapann tú a bhfuil tú féin, nó an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh agat thar a c(h)eann, ina dteideal. Mar sin, sa chuid seo **caithfidh tú tic a chur i mbosca chun dearbhú cé na sochair a bhfuil iarratas á dhéanamh agat orthu.** Déan cinnte go dtugann tú aird ar na critéir incháilitheachta, atá leagtha amach ar leathanaigh 6 agus 7, sula gcomhlánaíonn tú an chuid seo. Tabhair faoi deara le do thoil, gur féidir leat iarratas a dhéanamh ar shochar amháin, ar dhá cheann, nó ar na trí cinn, ag brath ar an tréimhse a caitheadh in institiúidí ábhartha.

Sa chuid seo, caithfidh tú na sonraí seo a leanas a dheimhniú maidir leat/leis an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh agat thar a c(h)eann:

- más rud é go bhfuair tú/an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh agat thar a c(h)eann, socraíocht chúirte ariamh i leith na gcúinsí a sheas sé/sí agus a bhaineann leis an tréimhse chéanna san institiúid nó sna hinstitiúidí a bhfuil iarratas á dhéanamh uirthi/orthu.
- má tá cárta leighis faoin Scéim Ex-Gratia um Cheartas Aisiríoch i leith Neachtlanna Mhaigdiléana (Magdalen Restorative Justice Ex Gratia Scheme) agat/ag an duine a bhfuil iarratas á dhéanamh agat thar a c(h)eann.

Ní mór duit an t-eolas sin a chur ar fáil dúinn toisc go mbeidh tionchar aige ar na sochair atá ar fáil faoin Scéim Íocaíochta.

## Cuid 4: Seicliostaí agus doiciméid

Tá trí chuid éagsúla sa chuid seo den fhoirm chlóite, mar seo a leanas:

- Ba chóir 4.1 a chomhlánú má tá iarratas á dhéanamh agat ar do shon féin.
- Ba chóir 4.2 a chomhlánú má tá iarratas á dhéanamh agat mar dhuine tacaíochta a bhfuil socrú dlíthiúil i bhfeidhm aige/aici.
- Ba chóir 4.3 a chomhlánú más ionadaí pearsanta ar dhuine incháilithe éagtha thú.

Má dhéanann tú iarratas ar líne, ní fheicfidh tú ach an seicliosta a bhaineann leatsa, bunaithe ar an méid ar chuir tú tic leis sa chéad chuid den fhoirm.

**Comhartha aitheantais deimhnithe** – Tagrófar do chomharthaí aitheantais deimhnithe sa chuid seo. Is é an fáth leis seo ná, go gcaithfidh aon duine a dhéanann iarratas ar an Scéim Íocaíochta cóip dheimhnithe de chomhartha aitheantais fótagrafach a sholáthar mar chruthúnas aitheantais, i gcomhar leis an bhfoirm iarratais chomhlánaithe. Is éard is cóip dheimhnithe de dhoiciméad bunaidh ann ná fótachóip atá sínithe ag duine údaraithe. Tá tuilleadh eolais ar dheimhniú doiciméad ar fáil ar leathanaigh 28-31.

## Cuid 4.1 – Seicliosta nuair atá iarratas á dhéanamh agam thar mo cheann féin

Sa chuid seo, iarrtar ort na nithe seo a leanas a chur in iúl:

- cén cineál aitheantais fótagrafach dheimnithe atá á chur isteach agat le d'iarratas;
- Cén chruthúnas cónaithe reatha atá tú ag cur le d'iarratas, má tá cónaí ort lasmuigh d'Éirinn agus má tá iarratas á dhéanamh agat ar an Íocaíocht Tacaíochta Sláinte (agus dáta ó sé mhí anuas air); agus
- más gá tús áite a thabhairt do d'iarratas ar chúiseanna sláinte toisc go bhfuil tinneas foirceanta ort. Beidh litir ghearr ó do lia-chleachtóir ag teastáil ó Oifig na Scéime Íocaíochta chun é sin a chur in iúl.

Má tá Cúntóir Cinnteoireachta nó Comhchinnteoir agat faoin Acht um Chumas Cinnteoireachta Cuidithe, a chlúdaíonn socruithe faoin Scéim Íocaíochta seo, ní mór duit an méid sin a chur in iúl agus cóip den chomhaontú ábhartha a chur faoi iamh – i.e. an Comhaontú Cúnaimh Cinnteoireachta nó an Comhaontú Comhchinnteoireachta.

Féadfaidh tú sonraí bainc a sholáthar ag an gcéim seo freisin, más mian leat. Mura mian leat iad a sholáthar anois, is féidir iad a sholáthar níos déanaí sa phróiseas, má tá siad uainn.

## Cuid 4.2 – Seicliosta nuair atá iarratas á dhéanamh agam mar dhuine tacaíochta

Sa chuid seo, iarrtar ort na nithe seo a leanas a chur in iúl:

- **cén socrú foirmiúil tacaíochta a bhaineann leat**, agus cé na doiciméid atá á gcur isteach agat mar chruthúnas ar an socrú seo agus ar do cheart gníomhú thar ceann an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh agat thar a c(h)eann;
- **cén cineál aitheantais fhótagrafaigh dheimnithe atá á chur isteach agat leis an iarratas**, duit féin agus don duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh agat thar a c(h)eann;
- **cén cruthúnas cónaithe reatha atá á chur leis an iarratas agat**, má tá an duine a bhfuil tú ag déanamh iarratais thar a c(h)eann ina c(h)ónaí lasmuigh d'Éirinn agus iarratas á dhéanamh agat ar an Íocaíocht Tacaíochta Sláinte ar a s(h)on (agus dáta ó sé mhí anuas air); agus
- **más gá tús áite a thabhairt don iarratas ar chúiseanna sláinte** toisc go bhfuil tinneas foirceanta ar an duine a bhfuil an t-iarratas á dhéanamh agat thar a c(h)eann. Beidh litir ghairid ag teastáil ó Oifig na Scéime Íocaíochta ó lia-chleachtóir an iarratasóra chun tacú leis an iarratas seo.

Féadfaidh tú do shonraí bainc a sholáthar ag an gcéim seo freisin, más mian leat. Mura mian leat iad a sholáthar anois, is féidir iad a sholáthar níos déanaí sa phróiseas, má tá siad uainn.

Má sholáthraíonn tú sonraí bainc, agus níl an Cuntas Bainc in ainm an iarratasóra, beidh ort sonraí an chaidrimh atá ag sealbhóir an chuntais leis an iarratasóir a chur in iúl.

## Cuid 4.3 - Seicliosta nuair is ionadaí pearsanta mé

Sa chuid seo iarrtar ort:

- **dáta báis an duine éagtha** a bhfuil iarratas á dhéanamh agat thar a c(h)eann a sholáthar; agus
- **a dheimhniú go bhfuil an ceart dlíthiúil agat gníomhú ar son eastát an duine éagtha.**

Ní dhéileálfaidh Oifig na Scéime Íocaíochta ach le hionadaí pearsanta amháin le haghaidh gach iarratas. Beidh ort a chur in iúl más tusa **an t-aon ionadaí pearsanta ar eastát an duine éagtha.** Má tá níos mó ná ionadaí pearsanta amháin ann, iarrfaimis ort litir a cheangal leis an iarratas, arna síniú ag na hionadaithe pearsanta go léir, a ainmníonn tusa mar ionadaí pearsanta don iarratas agus a chuireann in iúl gur leatsa amháin a bheidh Oifig na Scéime Íocaíochta ag déileáil i leith an iarratais. Mura féidir an litir sin a sholáthar, rachaidh iarratas ar aghaidh, agus déileálfaidh Oifig na Scéime Íocaíochta leis an gcéad ionadaí pearsanta a a rinne iarratas ar son eastát an duine éagtha.

Maidir le **doiciméad, beidh ort** cóip dheimhnithe de Dheimhniú Báis an duine a sholáthar, agus an cruthúnas breise atá á sheoladh agat a chur in iúl. Is iad an dá phríomhchruthúnas breise ná cóip dheimhnithe den Deonú Probháide nó cóip dheimhnithe den Litir Riaracháin.

Mura bhfuil Deonú Probháide nó Litir Riaracháin agat, féadfaidh tú na nithe seo a leanas a chur isteach:

- cóip dheimhnithe den uacht, agus mionnscríbhinn a mhionnaíonn go bhfuil tú i dteideal gníomhú mar ionadaí pearsanta, toisc go bhfuil uacht ann, ach gan aon Deonú Probháide; nó
- mionnscríbhinn a mhionnaíonn go bhfuil tú i dteideal gníomhú mar ionadaí pearsanta, toisc nach bhfuil aon uacht ann, Litir Riaracháin nó Deonú Probháide; nó
- cruthúnas ar shocrú dlíthiúil i dtír eile.

Chomh maith leis sin, caithfidh tú a chur in iúl sa chuid seo **cén cineál aitheantais fhótagrafaigh dheimhnithe atá á chur isteach agat leis an iarratas.**

Ar deireadh, is féidir sonraí cuntais bainc a sholáthar ag an gcéim seo, más mian leat. Mura mian, is féidir iad a sholáthar níos déanaí. Beidh ort a dheimhniú freisin

gur le hionadaí pearsanta nó le hionadaí dlíthiúil sonraí an chuntais bainc sin, atá údaraithe airgead a fháil ón Scéim Íocaíochta.

**Tabhair faoi deara, le do thoil, má éiríonn leis an iarratas, go mbeidh Deonú Probháide nó Litir Riaracháin ag teastáil sular féidir aon dámhachtain a aistriú chuig an gcuntas bainc a chuirtear ar fáil.**

## Cuid 5: Dearbhú agus Síniú

Sa chuid dheireanach den fhoirm, iarrtar ort an fhoirm iarratais a shíniú. Léigh go cúramach na ráitis maidir leis an iarratas, atá leagtha amach roimh an mbosca sínithe, sula síníonn tú an fhoirm.

Iarrtar ort freisin tic a chur i mbosca dá mbeifeá sásta páirt a ghlacadh i suirbhé maidir le d'eispéaras leis an Scéim Íocaíochta.

Má dhéanann tú iarratas ar líne, ní fheicfidh tú ach an dearbhú a bhaineann leat. Má tá an fhoirm iarratais pháipéir á húsáid agat, déan cinnte de go bhfuil an chuid cheart den fhoirm á síniú agat, mar seo a leanas:

- Sínigh **cuid 5a** má tá an t-iarratas á dhéanamh agat ar do shon féin. Má tá Socrú Comhchinnteoireachta i bhfeidhm agat, a chlúdaíonn an Scéim Íocaíochta seo, beidh ar do Chomhchinnteoir síniú anseo freisin.
- Sínigh **cuid 5b** má tá an t-iarratas seo á dhéanamh agat mar dhuine tacaíochta.
- Sínigh **cuid 5c** má tá an t-iarratas seo á dhéanamh agat mar ionadaí pearsanta do dhuine incháilithe éagtha.

## Cad a dhéanfaidh mé i ndiaidh dom na codanna go léir a chomhlánú?

I ndiaidh duit na codanna go léir a chomhlánú, féadfaidh tú:

- Do dhoiciméid tacaíochta riachtanacha a uaslódáil ar an suíomh gréasáin agus an fhoirm a chur isteach, más ar líne a rinne tú í.
- Seol an fhoirm chomhlánaithe agus aon doiciméid tacaíochta riachtanacha chuig: Oifig na Scéime Íocaíochta, Bosca PO 13668, Port Láirge, Éire.

Más rud é nach féidir leat do dhoiciméid tacaíochta a scanadh nó a fhótachóipeáil, cuir glaoch ar Oifig na Scéime Íocaíochta ar +353 1 522 9992 agus cabhróimid leat.

# Deimhniú doiciméad

Nuair a dhéanann tú iarratas, beidh ort cóip dheimhnithe d'aitheantas fótagrafach, agus doiciméid ábhartha eile, a sholáthar i gcásanna áirithe.

Is éard is cóip dheimhnithe de dhoiciméad bunaidh ann ná fótachóip atá sínithe ag duine údaraithe.

**Má tá cónaí ort in Éirinn, seo a leanas liosta de na daoine a d'fhéadfadh a bheith ina f(h)inné duit:**

- Cuntasóir
- Bainisteoir Bainc nó Bainisteoir Cúnta Bainc
- Innealtóir Cairte
- Bainisteoir nó Bainisteoir Cúnta Comhair Creidmheasa
- Fiaclóir
- Ionadaí poiblí tofa
- Ceannasaí na Seirbhíse Príosún/Gobharnóir Príosúin
- Léachtóir
- Dochtúir Leighis
- Ball den chléir
- Ball den Gharda Síochána
- Nótaire poiblí/coimisinéir mionn
- Altra
- Feidhmeannach síochána
- Poitigéir
- Fisiteiripeoir
- Comhairleoir Cláraithe
- Oibrí Sóisialta
- Dlíodóir
- Teiripeoir Urlabhra
- Múinteoir
- Tréidlia

**Má tá cónaí ort sa Ríocht Aontaithe, seo a leanas liosta de na daoine a d'fhéadfadh a bheith ina f(h)inné duit:**

- Oifigeach Bainc nó Cumainn Foirgníochta
- Cuntasóir Cairte
- Comhairleoir
- Fiaclóir
- Léachtóir
- Ministir Reiligiúin
- Dlíodóir nó Nótaire
- Múinteoir

Mar mhalairt air sin, más cónaitheoir na Breataine thú, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le ceann de na hlonaid Éireannacha thíos agus cúnamh a iarraidh chun do dhoiciméid a dheimhniú chun críche na Scéime Íocaíochta.

**TABHAIR FAOI DEARA:** Tá na sonraí sa tábla seo cruinn agus an leabhrán seo á chló. Le faisnéis cothrom le dáta a fháil, tabhair cuairt ar www.gov.ie/paymentscheme

| Ainm na heagraíochta | Seoladh | Teileafón | Ríomhphost |
|---|---|---|---|
| Ashford Place | 60 Ashford Rd,<br>London NW2 6TU | 0208 208 8590 | info@ashfordplace.org.uk |
| Birmingham Irish Association | St Anne's Parish Centre,<br>Alcester Street,<br>Birmingham, B12 0PH | 0121 604 6111 | info@birminghamirish.org.uk |
| Brent Irish Advisory Service | 379-381 High Road<br>Willesden NW10 2JR | 0208 459 6655 | mike@biasbrent |
| Coventry Irish Society | 2nd Floor Eaton House, 1<br>Eaton Road, Coventry,<br>CV1 2FJ | 0247 625 6629 | CIS@covirishsoc.org.uk |
| Emerald Centre | 450 Gipsy Lane,<br>Leicester, LE5 0TB | 0116 276 9186 | emeraldcentre@yahoo.co.uk |
| Fréa – Renewing Roots | 895 Stockport Road,<br>Levenshulme, Manchester,<br>M19 3PG | 0161 205 9105<br>07458 138682 | renewingroots@frea.org.uk |
| Hudderfield Irish Centre | 86 Fitzwilliam Street,<br>Huddersfield, HD1 5BB | 0148 442 0140 | secretary1999@outlook.com |

| Ainm na heagraíochta | Seoladh | Teileafón | Ríomhphost |
|---|---|---|---|
| Irish Community Care Manchester | 895 Stockport Road, Levenshulme, Manchester, M19 3PG | 0161 205 9105 | headoffice@ irishcommunitycare.com |
| Irish Community Care | 151 Dale Street, Liverpool, L2 2AH | 0161 205 910 | admin@irishcc.net |
| Irish Community Services in Greenwich, Bexley & Lewisham | The Irish Centre, 2B Devonshire Road Bexleyheath, DA6 8 DS | 0208 854 4466 | office@irishcommunityservices. org.uk |
| Irish Cultural Centre Hammersmith | 5 Black's Rd, London W6 9DT, United Kingdom | 020 8563 8232 | community@irishculturalcentre. co.uk |
| Leeds Irish Health and Homes | Rose House, 2 Wyther Ln, Leeds LS5 3BT, United Kingdom | 0113 262 5614 | info@lihh.org |
| Lewisham Irish Community Centre | 2A Davenport Rd, Catford, London, SE6 2AZ | 0208 695 6264 | manager@lewishamirish.org.uk |
| Liverpool Irish Centre | Boundary Lane, Liverpool L6 5JG | 0151 263 1808 | info@liverpoolirishcentre.org |
| London Irish Centre | 50-52 Camden Square London NW1 9XB | 0207 916 2222 | info@londonirishcentre.org |
| Luton Irish Forum | Kathleen Connolly House, 102 Hitchin Road, Luton LU2 0ES | 0158 272 0447 | info@lutonirishforum.org |
| Milton Keynes Irish Centre | Manor Fields Fenny Stratford Milton Keynes MK2 2HX | 0190 837 5978 | irishcentremk@btconnect.com |
| Portsmouth Irish Society | 77 Elm Grove, Portsmouth, PO51JF | 0239 282 5152 | portsmouthirishclubcommittee @yahoo.com |
| South London Irish Association | 138/140 Hartfield Road, Wimbledon SW19 3TG | 0208 543 0608 | Sliasw19@gmail.com |
| Tyneside Irish Centre Ltd | 43-49 Gallowgate, Newcastle Upon Tyne, NE1 4SG | 0191 261 0384 | tyneirishcentre@btconnect.com |

## Tíortha eile

Tá faisnéis sa tábla thíos maidir le deimhniú doiciméad i dtíortha eile.

Mura bhfuil an tír ina bhfuil cónaí ort liostaithe, agus mura bhfuil tú cinnte conas doiciméad a dheimhniú, déan teagmháil le hOifig na Scéime Íocaíochta trí ríomhphost ag info@paymentscheme.ie nó cuir glaoch ar +353 1 522 9992 (Luan go hAoine 09:00 -18:00 GMT).

| Tír | Sonraí |
|---|---|
| An Astráil | Tá sonraí iomlána ag an Department of Justice and Community Safety ar a suíomh gréasáin ar https://www.justice.vic.gov.au/certifiedcopies |
| Ceanada | Bhí faisnéis ag Global Affairs Canada ar a shuíomh gréasáin ar www.international.gc.ca/gac-amc/about-a_propos/services/authentication-authentification/step-etape-1.aspx?lang=eng |
| An Fhrainc | Sa Fhrainc, is féidir teagmháil a dhéanamh le halla an bhaile, le *préfecture* nó le nótaire deimhniúcháin. Tá eolas iomlán ar fáil ar www.service-public.fr/particuliers/vosdroits/F1412?lang=en |
| An Ghearmáin | Sa Ghearmáin is féidir le nótaire do dhoiciméid a dheimhniú. Tá liosta nótairí ar fáil ar www.notar.de |
| An Nua-Shéalainn | Tá faisnéis ar shuíomh gréasáin na Ministry of Justice maidir le conas doiciméad a dheimhniú ar www.justice.govt.nz/courts/going-to-court/pre/get-a-document-witnessed-certified-or-authenticated/ |
| An Pholainn | Tá faisnéis maidir le deimhniú doiciméad ar fáil ó shuíomh gréasáin na hAireachta Gnóthaí Eachtracha: www.gov.pl/web/diplomacy/certification-of-documents |
| An Afraic Theas | Féadfaidh an South African Department of International Trade and Cooperation doiciméid a dheimhniú san Aifric Theas. Tá sonraí iomlána ar fáil tríd an nasc seo a leanas: www.dirco.gov.za/consular-notarial-services/ |
| An Spáinn | Sa Spáinn, tá faisnéis ag an Aireacht Gnóthaí Eachtracha maidir le conas doiciméad a dheimhniú anseo: www.exteriores.gob.es/en/ServiciosAlCiudadano/Paginas/Legalizacion-y-apostilla.aspx |
| Stáit Aontaithe Mheiriceá | Sna SAM, is féidir nótaire poiblí a úsáid chun do dhoiciméid a dheimhniú. Tá liosta inchuardaithe nótairí ar fáil ar www.asnnotary.org/ |

## An bhfuil cúnamh uait agus an t-iarratas á chomhlánú agat?

### Déanann an chuid seo cur síos ar an gcúnamh atá ar fáil dóibh siúd atá ag cur iarratas isteach ar an Scéim Íocaíochta. Le haghaidh seirbhísí eile – amhail comhairleoireacht agus Seirbhísí Faisnéise agus Rianaithe Breithe – atá ar fáil, féach ar leathanaigh 45 and 46.

Má tá ceist ghinearálta agat faoin Scéim Íocaíochta, nó mura féidir leat an fhoirm iarratais a chomhlánú nó an próiseas iarratais a thuiscint, is féidir leat glaoch ar an líne chabhrach faisnéise ag +353 1 522 9992 (Luan go hAoine 09:00-18:00 GMT) nó ríomhphost a sheoladh chugainn ag info@paymentscheme.ie.

## Cúnamh ginearálta, lena n-áirítear dóibh siúd a bhfuil riachtanais bhreise acu

### Éire

Má theastaíonn cúnamh uait agus tú ag comhlánú d'iarratais agus mura mian leat teagmháil a dhéanamh le hOifig na Scéime Íocaíochta, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le ceann amháin díobh seo a leanas:

- **Faisnéis do Shaoránaigh.** Beidh foirmeacha iarratais don Scéim Íocaíochta ar fáil ag Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh agus is féidir leo cúnamh a thabhairt duit leis an iarratas a chomhlánú, más gá. D'fhéadfadh go mbeadh coinne ag teastáil. Tá sonraí ar Ionaid Fhaisnéise do Shaoránaigh, lena n-áirítear uaireanta oscailte agus sonraí teagmhála, ar fáil anseo www.centres.citizensinformation.ie

- Soláthraíonn an **tSeirbhís Abhcóideachta Náisiúnta (NAS)** seirbhís abhcóideachta ionadaíoch saor in aisce, neamhspleách agus rúnda do dhaoine fásta faoi mhíchumas ar fud na hÉireann. Má cheapann tú go bhféadfadh abhcóide in ann cabhrú leat le fadhb atá agat, is féidir leat glaoch ar an Líne Ghutháin Náisiúnta ar 0818 07 3000 ó 10:00 go 16:00 ó Luan go hAoine, nó ríomhphost a sheoladh chuig info@advocacy.ie. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.advocacy.ie

## An bhfuil lagamharc nó cailliúint radharc na súl ort?

Do dhuine ar bith a bhfuil cailliúint radharc na súl orthu, tá an fhoirm iarratais ar líne – ar fáil ag www.gov.ie/paymentscheme comhoiriúnach do léitheoirí scáileáin. Má tá deacrachtaí agat leis an bhfoirm nó má theastaíonn cabhair uait agus tú ag comhlánú d'iarratais, is féidir glaoch ar Oifig na Scéime Íocaíochta ar +353 1 522 9992 (Luan go hAoine 09:00-18:00 GMT).

De rogha air sin, is féidir le Vision Ireland tacaíocht a sholáthar freisin. Is féidir glaoch a chur ar Líne Faisnéise Vision Ireland ar an bhfón ar 1800 911 250 ó 09:00 go 17:00, Luan go hAoine. Tá Príomhoifig Vision Ireland agus ionaid réigiúnacha ar fud na tíre ar oscailt freisin ó 09:00 go 17:00, Luan go hAoine. Tá liosta iomlán díobh sin ar fáil ag www.vi.ie/about-us/locations

## An bhfuil cailliúint éisteachta agat?

Déan teagmháil linn ar ríomhphost ar info@paymentscheme.ie nó cuir glaoch orainn ar +353 1 522 9992 (Luan go hAoine 09:00-18:00 GMT) más mian leat Teanga Chomharthaíochta na hÉireann (Irish Sign Language, ISL) a úsáid chun d'iarratas a phlé nó má tá ceisteanna ginearálta agat faoin Scéim Íocaíochta. Is féidir linn ateangaire ISL a sholáthar go pearsanta nó trí nasc físe nuair is gá. I ndiaidh duit teagmháil a dhéanamh linn, socróimid coinne chun an tseirbhís sin a sholáthar.

Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh go mbeadh Seirbhís Ateangaireachta na Teanga Comharthaíochta (Sign Language Interpreting Service, SLIS) in ann cabhrú leat má tá tú bodhar nó má tá cailliúint éisteachta agat agus más mian leat an Scéim Íocaíochta nó d'iarratas a phlé. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le SLIS trí ríomhphost ar reception@slis.ie nó trí théacs a sheoladh chuig 087 980 6996. Tá cianseirbhís ag SLIS freisin is féidir a úsáid le haghaidh cruinnithe gearra, agus is féidir coinní a chur in áirithe trína suíomh gréasáin ar www.slis.ie/iris.

## Lasmuigh d'Éirinn

**TABHAIR FAOI DEARA:** Tá na sonraí thíos cruinn agus an leabhrán seo á chló. Le faisnéis cothrom le dáta a fháil, tabhair cuairt ar www.gov.ie/paymentscheme.

## An Bhreatain

Má tá cónaí ort sa Bhreatain agus tá fonn ort leas a bhaint as tacaíochtaí áitiúla, tá roinnt eagraíochtaí ann a chuireann tacaíocht ar fáil.

- Is seirbhís Saorghlao í an National Response Line, atá á reáchtáil ag an London Irish Centre, a fhéadfaidh tacaíocht a thabhairt dóibh siúd a dhéanann iarratas ar an Scéim Íocaíochta. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo ar Saorghlao 0800 519 5519, laistigh den RA, ó 10:00 go 16:00 gach Máirt, Céadaoin agus Déardaoin. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar: www.londonirishcentre.org/our-services/community-development/survivorservice
- Soláthraíonn seirbhís chomhtháite do mharthanóirí (survivors integrated service) de chuid London Irish Centre tacaíocht agus abhcóideacht do mharthanóirí agus iarchónaitheoirí institiúidí Éireannacha a bhfuil cónaí orthu i Londain agus san Oirdheisceart. Is féidir teagmháil a dhéanamh leo ar 0207 916 2222, agus ar community@londonirishcentre.org. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar www.londonirishcentre.org/our-services/community-development/survivorservice
- Is comhpháirtíocht é Fréa – Renewing Roots idir Irish Community Care, Leeds Irish Health and Homes, agus Cúram Pobail Éireannach Manchester, a thacaíonn le marthanóirí agus iarchónaitheoirí na n-Institiúidí Máithreacha agus Naíonán agus Teaghlaigh Contae leas a bhaint as an bPlean Gníomhaíochta de chuid Rialtas na hÉireann, agus a chuireann tacaíocht mhothúchánach agus phraiticiúil ar fáil. Fón: 07458 138 682, ríomhphost: renewingroots@frea.org.uk. Ta tuilleadh eolais ar fáil ag www.frea.org.uk/motherandbabyhomes.
- Bíonn Coventry Irish Society ag obair le marthanóirí agus iarchónaitheoirí institiúidí Éireannacha. Fón: 0247 625 6629, ríomhphost: simon.mccarthy@irishsoc.org.uk. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.coventryirishsociety.com/help-support/irish-survivors

## Na Stáit Aontaithe

Cuireann Coalition of Irish Immigration Centres tacaíocht ar fáil do na pobail Éireannacha/Ghael-Mheiriceánacha ar a bhfreastalaíonn siad. Tá tuilleadh eolais ar fáil anseo: https://ciic-usa.org/ agus is iad seo a leanas sonraí na n-ionad:

- Aisling Irish Community Center, Nua Eabhrac. Fón: 914-237-5121, ríomhphost: info@aislingcenter.org, suíomh gréasáin www.aislingcenter.org
- Emerald Isle Immigration Center, Nua Eabhrac. Suíomh gréasáin: www.eiic.org
    - Woodside - fón: 718-478-5502, ríomhphost jstahl@eiic.org
    - Bronx – fón: 718-324-3039, ríomhphost carmel@eiic.org
- New York Irish Center, Nua Eabhrac. Fón: 718-482-0909, ríomhphost: info@newyorkirishcenter.org,
  suíomh gréasáin www.newyorkirishcenter.org
- Irish Community Services – MW, Chicago. Fón: 773-282-8445, ríomhphost: info@irishchicago.org, suíomh gréasáin www.irishchicago.org
- Irish Diaspora Center, Filideilfia. Fón: 610-789-6355, ríomhphost: info@idcphila.org, suíomh gréasáin: www.icphila.org
- Irish Immigration Pastoral Center, San Francisco. Fón: 415-752-6006, ríomhphost: info@sfiipc.org, suíomh gréasáin www.sfiipc.org
- Irish Outreach Center, San Diego. Fón: 619-291-1630, ríomhphost: help@irishoutreachcenter.org,
  suíomh gréasáin www.irishoutreachcenter.org
- Irish Pastoral Center, Bostún. Fón: 617-265-5300, ríomhphost: info@ipcboston.org, suíomh gréasáin www.ipcboston.org
- Rian Immigrant Center, Bostún. Fón: 617-542-7654, ríomhphost info@riancenter.org, suíomh gréasáin: www.riancenter.org
- Seattle Irish Immigrant Support, Seattle. Fón: 360-474-7488 , ríomhphost: SIISG@irishclub.org, suíomh gréasáin: www.IrishSeattle.com

## An chuid eile den domhan

Dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d'Éirinn, den Bhreatain agus de na Stáit Aontaithe, beidh Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann ag cur eolas ar fáil faoi eagraíochtaí a d'fhéadfadh cúnamh a thabhairt. Tá liosta ambasáidí agus consalachtaí ar fáil anseo www.ireland.ie/en/dfa/embassies

# Cad a tharlaíonn nuair a chuirtear iarratas isteach?

1. Faigheann Oifig na Scéime Íocaíochta d'iarratas agus cuirimid **Uimhir Thagartha Iarratais** air.
2. Déanfaimid d'iarratas a sheiceáil lena chinntiú go bhfuil an fhaisnéis riachtanach ar fad comhlánaithe, agus go bhfuil comhartha aitheantais deimhnithe agus aon doiciméid riachtanacha eile curtha san áireamh.
3. Seolfaimid admháil chugat chun a chur in iúl duit go bhfuil d'iarratas faighte againn agus chun **d'Uimhir Thagartha Iarratais** a thabhairt duit. Ba cheart duit an Uimhir sin a úsáid más gá duit teagmháil a dhéanamh linn maidir le d'iarratas.

**TABHAIR FAOI DEARA**: Má tá aon fhaisnéis nó doiciméadú riachtanach in easnamh, nó má tá ceist againn ar ghné ar leith den fhoirm chomhlánaithe, rachaimid i dteagmháil leat chun an fhaisnéis atá in easnamh a fhiosrú. I ndiaidh dúinn an fhaisnéis sin a fháil, cuirfimid in iúl duit go bhfuil an t-iarratas ag dul chun cinn chuig an gcéad chéim eile.

4. Cuirfear d'iarratas sa scuaine. Tabharfar tús áite d'iarratasóirí de réir aoise agus próiseálfar iarratais in ord aoise. Má d'iarr tú go dtabharfaí tús áite don iarratas mar gheall ar thinneas foirceanta an iarratasóra, cuirfear i scuaine tosaíochta ar leith é.
5. Nuair atá gach ceann de na céimeanna thuas críochnaithe, lorgóimid do thaifid sna bunachair shonraí go léir atá ar fáil, agus deimhneoimid an tréimhse a caitheadh san institiúid/sna hinstitiúidí a tugadh.
6. Nuair atá an cuardach taifead críochnaithe agus na dátaí teachta agus imeachta ón institiúid/ó na hinstitiúidí sceidealaithe deimhnithe, seiceálfaimid an bhfuil tú i dteideal aon sochair faoin Scéim Íocaíochta.
7. Ina dhiaidh sin, seolfaimid doiciméad chugat ar a dtugtar Fógra Cinnidh, a leagfaidh amach an cinneadh i leith d'iarratais agus aon tairiscint atá á déanamh duit.

## Mionnscríbhinní

I gcásanna eisceachtúla, nuair nach bhfuil go leor faisnéise ag Oifig na Scéime Íocaíochta chun cinneadh a dhéanamh ar d'iarratas, b'fhéidir go n-iarrfaimid ort mionnscríbhinn a sholáthar chun tacú leis an bhfaisnéis a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.

Má tá mionnscríbhinn ag teastáil, cuirfimid eolas iomlán ar fáil duit ar an méid a chaithfear a chur san áireamh. Chun cabhrú leis an gcostas a bhaineann leis sin, íocfaimid €200 chuig an gcuntas bainc a thug tú i ndiaidh dúinn mionnscríbhinn bhailí a fháil.

Tabhair faoi deara nach gcuirfear tacaíocht airgid ar fáil le haghaidh na gcostas a bhaineann le soláthar mionscríbhinne ach amháin sa chás go n-iarrann Oifig na Scéime Íocaíochta é chun cinneadh a dhéanamh i leith d'iarratais. Níl sé ar fáil i gcásanna eile ina bhfuil mionscríbhinn riachtanach, mar shampla lena dheimhniú go bhfuil tú i dteideal gníomhú mar ionadaí pearsanta thar ceann duine éagtha.

## Cad ba cheart dom a dhéanamh nuair a fhaighim m'Fhógra Cinnidh?

Nuair a fhaigheann tú d'Fhógra Cinnidh, ba chóir duit é a léamh go cúramach. Beidh sé mhí agat le smaoineamh air agus lena shocrú cé acu an nglacfaidh tú leis an sochar atá leagtha amach sa doiciméid, nó an ndiúltóidh tú dó, cibé ceann is fearr leat.

### Conas glacadh leis na teidlíochtaí atá leagtha amach sa doiciméad

I dteannta le d'Fhógra Cinnidh, gheobhaidh tú foirm ghlactha freisin. Beidh ort an fhoirm seo a chomhlánú agus a sheoladh ar ais tríd an suíomh gréasáin nó tríd an bpost, lena chur in iúl cé na teidlíochtaí ar mian leat glacadh leo, laistigh de shé mhí.

Má tá tú ag glacadh le híocaíocht ghinearálta agus/nó le híocaíocht a bhaineann le hobair, ní mór an chuid den fhoirm seo a bhaineann le tarscaoileadh dlíthiúil a shíniú agus a sheoladh ar ais. Tugtar le fios sa tarscaoileadh dlíthiúil nach dtionscnóidh tú aon imeachtaí dlí agus go scoirfidh tú d'aon imeachtaí atá tosaithe cheana féin (más ann dóibh) i gcoinne comhlacht phoiblí, a bhaineann leis na

himthosca a bhaineann le d'iarratas ar an Scéim Íocaíochta.

B'fhéidir gur mhaith leat comhairle dlí a fháil sula ndéanann tú an tarscaoileadh dlíthiúil a shíniú agus a thabhairt ar ais. Má dhéanann tú amhlaidh, beidh tú i dteideal tacaíocht i gcomhair chostais na dtáillí dlí a thabhaítear, suas le €500 (gan VAT san áireamh) in aghaidh an iarratais.

Déanfaimid aisíocaíocht leat as an íocaíocht seo a luaithe a fhaighimid cóip de shonrasc nó admháil ó dhlíodóir le haghaidh na comhairle dlí. Ní mór d'ainm a chur ar an sonrasc nó ar an admháil más tusa an t-iarratasóir nó ainm an iarratasóra má tá iarratas á dhéanamh agat thar ceann duine eile, agus uimhir thagartha iarratais don iarratas freisin. Déanfar an aisíocaíocht go díreach leat, trí aistriú bainc.

A luaithe a sheolann tú d'fhoirm ghlactha ar ais, agus do tharscaoileadh dlíthiúil sínithe agat (más bainteach), socróimid íocaíocht leat leat a luaithe is féidir. Déanfar é seo trí aistriú bainc, isteach sa chuntas ar thug tú a sonraí dúinn i d'fhoirm iarratais. Murar chomhlánaigh tú an chuid seo den fhoirm iarratais, féadfaidh tú iad a sholáthar ag an gcéim seo, ach an Fhoirm Sonraí Bainc a chomhlánú. Nuair a bheidh na doiciméid seo go léir againn chomh maith le do chuid sonraí bainc, cuirfimid d'íocaíocht chun cinn le haghaidh próiseála.

**Tábhachtach:** Dóibh siúd a chónaíonn in Éirinn, ní áireofar íocaíochtaí a dhámhtar tríd an Scéim Íocaíochta má dhéantar measúnú ar d'acmhainn:

- le haghaidh íocaíochtaí leasa shóisialaigh de réir tástála acmhainne;
- le haghaidh cárta leighis nó cárta cuairte GP; nó
- faoin Acht fán Scéim um Thacaíocht Tithe Banaltrais 2009, ar a dtugtar an Scéim Chothrom na Féinne freisin.

Mar sin, b'fhéidir gur mhaith leat cóipeanna de dhoiciméid ábhartha ón Scéim Íocaíochta a choinneáil mar thaifid.

## Íocaíochtaí nach bhfuil an euro mar airgeadra acu

Mura bhfuil an euro mar airgeadra ag do chuntas bainc ainmnithe, déanfar an dámhachtain in euro, agus cuirfear an ráta malairte atá ann ar dháta na híocaíochta i bhfeidhm ar an íocaíocht a dhéanfar le do chuntas. Sa chás go ngearann do banc táillí idirbhirt ar an airgead a fhaightear, ní féidir le hOifig na Scéime Íocaíochta iad sin a íoc.

### Cárta leighis feabhsaithe

Sa chás go bhfuil cárta leighis feabhsaithe tairgthe agus glactha agat, rachaimid i dteagmháil le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), a dhéanfaidh teagmháil dhíreach leat maidir le do chárta leighis feabhsaithe

## Faisnéis agus comhairle airgeadais

Más mian leat comhairle airgeadais a fháil roimh nó tar éis íocaíocht airgid a fháil ón Scéim Íocaíochta, d'fhéadfadh na sonraí thíos a bheith cabhrach.

### Éire

Má tá tú in Éirinn, is féidir leat dul i dteagmháil leis an tSeirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (Money Advice and Budgeting Service, MABS), ar seirbhís neamhchlaonta saor in aisce í a ta chuireann tacaíocht agus comhairle airgid ar fáil. Tá 60 oifig MABS ar fud na tíre agus tá tuilleadh eolais le fáil ag www.mabs.ie/about/find-a-mabs-office

### An Ríocht Aontaithe

Cuireann an Money and Pensions Service treoir saor in aisce ar fáil faoi airgead agus pinsin. Is féidir dul i dteagmháil leis an tseirbhís sin:

- ar an bhfón ar 0800 138 7777;
- trí ríomhphost ag contact@maps.org.uk.

Má tá cónaí ort sa Bhreatain, is féidir leat dul i dteagmháil le ceann de na heagraíochtaí atá liostaithe ar leathanaigh 45 agus 46 le haghaidh tacaíochta.

### An chuid eile den Domhan

Do dhaoine a bhfuil cónaí orthu lasmuigh d'Éirinn agus den Ríocht Aontaithe, cuireann Ambasáidí agus Consalachtaí na hÉireann eolas ar fáil faoi eagraíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú leo. Tá liosta ambasáidí agus consalachtaí ar fáil anseo: www.ireland.ie/en/dfa/embassies

# Iarratais ar athbhreithniú

Mura bhfuil tú sásta leis an gcinneadh ar d'iarratas mar atá leagtha amach san Fhógra Cinnidh, is féidir leat athbhreithniú a iarraidh ar roinnt de na cinntí nó ar na cinntí go léir. Ní mór é sin a dhéanamh laistigh de 60 lá tar éis d'Fhógra Cinnidh a fháil. Tá sonraí breise leagtha amach thíos.

## Conas a iarraim athbhreithniú?

Beidh ort an Fhoirm Iarratais ar Athbhreithniú a sheoladh ar ais, mar aon le haon fhaisnéis a thacaíonn le d'iarratas ar athbhreithniú. Beidh an fhoirm seo ar fáil ar an suíomh gréasáin, nuair a bheidh d'Fhógra Cinnidh faighte agat. De rogha air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifig na Scéime Íocaíochta ar an teileafón ag +353 1 522 9992 (Luan go hAoine 09:00-18:00 GMT) chun cóip a iarraidh sa phost.

Ar an bhfoirm, beidh ort cén chúis/cé na cúiseanna a bhfuil an t-athbhreithniú á iarraidh agat a shonrú. Áirítear leo sin:

- cinneadh nach duine ábhartha thú (i.e. cinneadh nach raibh tú i do chónaí in Institiúid Máithreacha agus Naíonán nó Teaghlaigh Contae);
- cinneadh nach bhfuil tú i dteideal íocaíocht ghinearálta nó íocaíocht a bhaineann le hobair;
- luach na híocaíochta ginearálta nó na híocaíochta a bhaineann le hobair a socraíodh i do leith;
- cinneadh nach bhfuil tú i dteideal cárta leighis feabhsaithe nó i dteideal íocaíocht tacaíochta sláinte toisc nár chaith tú 180 lá nó níos mó in institiúid ábhartha; agus
- cinneadh nach bhfuil tú i dteideal íocaíocht tacaíochta sláinte toisc nach bhfuil sé léirithe agat go bhfuil tú i do chónaí lasmuigh den Stát.

Is féidir leat d'fhoirm chomhlánaithe, mar aon le haon fhaisnéis tacaíochta, a uaslódáil ar an suíomh gréasáin, nó a sheoladh chugainn sa phost chuig Oifig na Scéime Íocaíochta, Bosca PO 13668, Port Láirge, Éire. Nuair a fhaighimid d'iarratas ar athbhreithniú, admhóimid é seo laistigh de 28 lá.

Scrúdóidh Oifig na Scéime Íocaíochta an fhaisnéis a cuireadh ar fáil san Fhoirm Iarratais ar Athbhreithniú agus aon fhaisnéis eile a chuir tú ar fáil, agus féadfaidh

an Oifig teagmháil a dhéanamh leat má tá tuilleadh eolais ag teastáil. Agus athbhreithniú á dhéanamh, déanann Oifig na Scéime Íocaíochta cuardach nua ar an mbuntaifead foinse.

Chun d'athbhreithniú a chur chun cinn beidh ort teagmháil a dhéanamh linn laistigh de thréimhsí áirithe. Cuirfimid iad sin in iúl go soiléir in aon chomhfhreagras a sheolfaimid chugat maidir le d'athbhreithniú.

Má shocraíonn tú ag am ar bith d'iarratas ar athbhreithniú a tharraingt siar, níl le déanamh agat ach é sin a chur in iúl dúinn i scríbhinn – tríd an suíomh gréasáin nó tríd an bpost ag Oifig na Scéime Íocaíochta, Bosca PO 13668, Port Láirge, Éire – agus déanfaimid é a phróiseáil. Má tharraingíonn tú siar d'athbhreithniú sula gcríochnaítear é, tá tú i dteideal glacadh le haon tairiscint a rinneadh leat roimhe sin faoin Scéim Íocaíochta.

Nuair a bheidh an t-athbhreithniú críochnaithe, seolfaimid Fógra Cinnidh Athbhreithnithe chugat agus faisnéis maidir le conas glacadh leis na sochair, más bainteach.

Seolfaimid faisnéis chugat freisin faoi do cheart achomharc neamhspleách a lorg i leith an chinnidh laistigh de 60 lá.

## Iarratas ar achomharc

Mar atá leagtha amach thuas, mura bhfuil tú sásta le toradh an athbhreithnithe, tá tú i dteideal achomharc a iarraidh laistigh de 60 lá i ndiaidh duit cinneadh athbhreithnithe a fháil (Fógra Cinnidh Athbhreithnithe). Déanfaidh ball de phainéal neamhspleách Oifigeach Achomhairc d'achomharc.

### Conas a iarraim achomharc?

Beidh ort an Fhoirm Iarratais ar Achomharc a sheoladh chugainn, mar aon le haon fhaisnéis a thacaíonn le d'iarratas ar achomharc.

Beidh an fhoirm seo ar fáil ar an suíomh gréasáin, nuair atá d'Fhógra Cinnidh Athbhreithnithe faighte agat. De rogha air sin, is féidir leat teagmháil a dhéanamh le hOifig na Scéime Íocaíochta ar an teileafón ag +353 1 522 9992 (Luan go

hAoine 09:00-18:00 GMT) chun cóip a iarraidh sa phost. Ar an bhfoirm, beidh ort a shonrú cén fáth ar mhaith leat achomharc a dhéanamh ar d'Fhógra Cinnidh Athbhreithnithe. Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil an t-ábhar achomhairc teoranta do chinneadh an athbhreithnithe – ciallaíonn sé sin go gcaithfidh an t-achomharc a bheith ar an gcúis chéanna agus a bhí an t-athbhreithniú.

Is féidir leat d'fhoirm chomhlánaithe, mar aon le haon fhaisnéis tacaíochta, a uaslódáil ar an suíomh gréasáin, nó í a sheoladh chugainn sa phost chuig Oifig na Scéime Íocaíochta, Bosca PO 13668, Port Láirge, Éire. Nuair a fhaighimid d'iarratas ar achomharc, tabharfaimid d'Oifigeach Achomhairc Neamhspleách é laistigh de 21 lá.

Gheobhaidh an t-Oifigeach Achomhairc Neamhspleách comhad ansin, ina bhfuil na nithe seo a leanas:

- gach comhfhreagras a bhaineann le d'iarratas;
- faisnéis ó chuardaigh bhunachar sonraí agus faisnéis maidir le ríomh na dámhachtana, más bainteach;
- mionnscríbhinn nó fianaise arna soláthar ag an iarratasóir le linn an phróisis athbhreithnithe; agus
- an cinneadh athbhreithnithe.

Scrúdóidh an tOifigeach Achomhairc an fhaisnéis a sholáthraítear san Fhoirm Iarratais ar Achomharc agus aon fhaisnéis eile a sholáthair tú, agus féadfaidh sé/sí teagmháil a dhéanamh leat má tá tuilleadh eolais ag teastáil.

Nuair atá a c(h)uid oibre críochnaithe ag an Oifigeach Achomhairc Neamhspleách, seolfaidh sé/sí cóip dá c(h)inneadh chuig an bPríomhoifigeach Cinnteoireachta. Déanfaidh an cinneadh seo:

- an cinneadh ab ábhar don achomharc a dhearbhú;
- an cinneadh sin a chúlghairm agus cinneadh eile a chur ina ionad; nó
- an t-ábhar lena mbaineann a chur ar ais chuig an bPríomhoifigeach Cinnteoireachta le haghaidh athscrúdaithe.

Seolfaidh an Príomhoifigeach Cinnteoireachta Fógra Cinnidh Achomhairc chugat ansin. Gheobhaidh tú Fógra Cinnidh Achomhairc freisin, a leagann amach cé na sochair a bhfuil tú ina dteideal, más ann dóibh.

### Cad a tharlóidh má táim míshásta le toradh an achomhairc?

Is cinneadh críochnaitheach é cinneadh an Oifigigh Achomhairc, ach féadfaidh tú féin nó an Príomhoifigeach Cinnteoireachta achomharc a dhéanamh chun na hArd-Chúirte ar phointe dlí. Ní mór é seo a dhéanamh laistigh de 28 lá ón dáta a seoltar Fógra Cinnidh Achomhairc chugat.

## Nós imeachta chun gearáin a dhéanamh

Mar atá leagtha amach ag tús an leabhráin seo, ba cheart duit a bheith ag súil, go gcaithfidh foireann Oifig na Scéime Íocaíochta leat ar bhealach cineálta tuisceanach measúil i gcónaí. Tá gach ball foirne lánoilte, lena n-áirítear oiliúint i gcleachtas atá bunaithe ar thráma.

Má tá gearán agat leis an tseirbhís a fhaigheann tú, nó le haon ghné den phróiseas, ba chóir duit dul i dteagmháil le hOifig na Scéime Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán tríd an bpost ag Bosca PO 13668, Port Láirge, Éire, ar an bhfón ar +353 1 522 9992 nó ar an suíomh gréasáin, má rinne tú iarratas ar líne. Tabhair faoi deara, le do thoil, go n-admhófar gearáin ó bhéal agus, nuair is féidir, go dtabharfar freagra orthu i scríbhinn.

Admhófar gach gearán i scríbhinn laistigh de chúig lá oibre agus beidh sé mar aidhm againn do ghearán a réiteach laistigh de 15 lá oibre tar éis é a fháil. Má tá tuilleadh imscrúduithe ag teastáil, cuirfimid é sin in iúl duit agus beidh sé mar aidhm againn do ghearán a réiteach laistigh de 20 lá oibre.

Déanfaimid iarracht i gcónaí déileáil leis an bhfadhb gan mhoill agus, mura féidir do ghearán a réiteach ag an bpointe sin nó mura bhfuil tú sásta leis an bhfreagra, is féidir leat iarraidh ar bhall sinsearach den fhoireann athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar.

Má tá tú fós míshásta leis an bhfreagra, is féidir leat gearán foirmiúil a dhéanamh leis an Oifigeach Seirbhísí Custaiméara sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, a dhéanfaidh an gearán a fhiosrú ar do shon. Is féidir leat é sin a dhéanamh ach theagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Seirbhísí Custaiméara tríd an bpost ag Bloc 1, Plaza Miesach, 50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach, Baile Átha Cliath, D02 XWI4, ar an bhfón ar +353 1 647 3000 nó trí ríomhphost ag contact@equality.gov.ie. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.gov.ie/en/organisation-information/b5ae0d-department-of-children-and-youth-affairs-customer-service

## Oifig an Ombudsman

Tá Oifig an Ombudsman ar fáil chun scrúdú a dhéanamh ar ghearáin ó bhaill den phobal a chreideann gur chaith soláthraithe seirbhíse poiblí áirithe leo go míchothrom.

Tá Oifig an Ombudsman oscailte ó Luan go hAoine idir 09:15 agus 17:00. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis tríd an bpost ag 6 Ardán Phort an Iarla, Naomh Caoimhín, Baile Átha Cliath 2, D02 W773, ar an bhfón ar +353 1 639 5600, nó trí ríomhphost ag complaints@ombudsman.ie. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.ombudsman.ie

## Cad a tharlaíonn nuair atá an próiseas iarratais críochnaithe?

Nuair atá d’iarratas comhlánaithe go hiomlán, gheobhaidh tú litir le n-é sin a chur in iúl duit.

# Tacaíochtaí ar fáil do mharthanóirí agus iarchónaitheoirí na n-Institiúidí Máithreacha agus Naíonán agus Teaghlaigh Chontae

## Comhairleoireacht

### Éire

Má theastaíonn tacaíocht ghairmiúil chomhairleoireachta uait, tá Seirbhís Náisiúnta Comhairleoireachta Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar fáil saor in aisce ó Luan go hAoine idir 09:30 agus 17:00. Tá sonraí faoin tSeirbhís Náisiúnta Chomhairleoireachta (National Counselling Service, NCS) agus sonraí teagmhála do gach ceantar ar fáil anseo: www.gov.ie/en/publication/12da8-counselling-supports-for-former-residents-of-mother-and-baby-homes/#national-counselling-service

Lasmuigh de na huaireanta seo, is féidir leat dul i dteagmháil le seirbhís chomhairleoireachta ghutháin agus tacaíochta saor in aisce CONNECT, áit ar féidir leat labhairt faoi rún le comhairleoir oilte. Bíonn an tseirbhís seo ar fáil go ginearálta idir 18:00 agus 22:00 Luan go Domhnach ar 1800 477 477.

Tá tacaíocht ar fáil freisin ó na Samáraigh ar shaorghlao 116 123 nó trí théacs YMH a chur chuig 50808 (Seirbhís Tacaíochta Teachtaireachtaí). Tá tacaíochtaí breise meabhairshláinte arna chur ar fáil/arna mhaoiniú ag FSS ar fáil freisin. Tá sonraí faoi na tacaíochtaí seo ar fáil ar www.yourmentalhealth.ie.

### An Bhreatain

Reáchtálann an Immigrant Counselling and Psychotherapy service (ICAP) – arna maoiniú tríd an Emigrant Support Programme – seirbhís comhairleoireachta agus síciteiripe saor in aisce do mharthanóirí mí-úsáide institiúide. Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le ICAP ar an bhfón ar 0207 272 7906 nó trí ríomhphost ag clinicaladmin@icap.org.uk.

Tá National Response Freephone Line ann freisin, a fhéadfaidh comhairle a chur ort

maidir le tacaíocht mhothúchánach oiriúnach agus/nó sainchomhairleoireacht. Is féidir dul i dteagmháil leis an líne sin laistigh den RA ar 0800 519 5519, idir 10:00 agus 16:00, Máirt go Déardaoin.

Is féidir le haon duine a mbaineann sé leis/léi, dul i dteagmháil go díreach leis an tseirbhís chomhairleoireachta ghutháin agus tacaíochta saor in aisce CONNECT, áit ar féidir leo labhairt faoi rún le comhairleoir oilte. Bíonn an tseirbhís seo ar fáil go ginearálta idir 18:00 agus 22:00 Luan go Domhnach ar 00 800 477 477.

### An chuid eile den Domhan

Is féidir le haon duine a mbaineann sé leis/léi, dul i dteagmháil go díreach le seirbhís chomhairleoireachta ghutháin agus tacaíochta CONNECT, áit ar féidir leo labhairt faoi rún le comhairleoir oilte. Bíonn an tseirbhís seo ar fáil go ginearálta idir 18:00 agus 22:00 GMT gach lá, lena n-áirítear an deireadh seachtaine, ag +353 1 865 7495.
Tá rátaí glaonna idirnáisiúnta i bhfeidhm.

## Seirbhísí Faisnéise agus Rianaithe Breithe

Tabhair faoi deara le do thoil, cé go seiceálann Oifig na Scéime Íocaíochta an taifead institiúideach chun a chinneadh go bhfuil duine incháilithe faoin Scéim, ní sholáthraíonn sí cóip de na taifid duit.

Más mian leat cóip de do thaifid a fháil, ceadaíonn an tAcht um Fhaisnéis agus Rianú Breithe 2022 do cheart rochtana ar theastais bhreithe, agus ar fhaisnéis bhreithe agus luathshaoil do dhaoine a uchtaíodh, a cuireadh ar bord, ab ábhar do chlárú mídhleathach breithe, nó a bhfuil aon cheisteanna acu maidir lena mbunús. De réir sheirbhísí Faisnéise agus Rianaithe Breithe, is féidir leat:

- iarratas a dhéanamh ar fhaisnéis bhreithe agus luathshaoil
- iarratas a dhéanamh ar sheirbhís rianaithe
- cláraigh nó nuashonraigh do shainroghanna ar an gClár Rogha Teagmhála.

Soláthraíonn Údarás Uchtála na hÉireann agus Tusla na seirbhísí seo. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.birthinfo.ie.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Údarás Uchtála go díreach ar an bhfón ar +353 1 230 9300, nó ag records@aai.gov.ie, agus is féidir teagmháil a dhéanamh le Tusla ag +353 818 44 55 00 nó birthinfo@tusla.ie

## Íocaíochtaí ar bhonn na tréimhse a caitheadh in institiúid sceidealaithe

| Am a caitheadh in Institiúid Máithreacha agus Naíonán nó i dTeaghlach Contae | Íocaíocht Ghinearálta do mháithreacha agus do leanaí (€) | Íocaíocht a Bhaineann le hObair (do mháithreacha incháilithe amháin) (€) | Méid iomlán má tá tú i dteideal Íocaíocht Ghinearálta agus Íocaíocht a Bhaineann le hObair (€) |
|---|---|---|---|
| Suas le 89 lá, agus an 89ú lá san áireamh (máithreacha amháin) | 5,000 | 0 | 5,000 |
| Idir 90 - 179 lá (máithreacha amháin) | 10,000 | 1,500 | 11,500 |
| Idir 180 - 360 lá | 12,500 | 3,000 | 15,500 |
| **Níos mó ná 1 Bliain** | | | |
| 361 – 450 lá, an dá cheann san áireamh | 15,000 | 6,000 | 21,000 |
| 451 – 540 lá, an dá cheann san áireamh | 16,250 | 7,500 | 23,750 |
| 541 – 630 lá, an dá cheann san áireamh | 17,500 | 9,000 | 26,500 |
| 631 – 720 lá, an dá cheann san áireamh | 18,750 | 10,500 | 29,250 |
| **Níos mó ná 2 Bhliain** | | | |
| 721 – 810 lá | 20,000 | 12,000 | 32,000 |
| 811 – 900 lá | 21,250 | 13,500 | 34,750 |
| 901 – 990 lá | 22,500 | 15,000 | 37,500 |
| 991 - 1080 lá | 23,750 | 16,500 | 40,250 |
| **Níos mó ná 3 Bliana** | | | |
| 1081 – 1170 lá | 25,000 | 18,000 | 43,000 |
| 1171 – 1260 lá | 26,250 | 19,500 | 45,750 |
| 1261 – 1350 lá | 27,500 | 21,000 | 48,500 |
| 1351 – 1440 lá | 28,750 | 22,500 | 51,250 |
| **Níos mó ná 4 Bliana** | | | |
| 1441 – 1530 lá | 30,000 | 24,000 | 54,000 |
| 1531 – 1620 lá | 32,500 | 25,500 | 58,000 |
| 1621 – 1710 lá | 35,000 | 27,000 | 62,000 |
| 1711 – 1800 lá | 37,500 | 28,500 | 66,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Níos mó ná 5 Bliana** | | | |
| 1801 – 1890 lá | 40,000 | 30,000 | 70,000 |
| 1891 – 1980 lá | 41,250 | 31,500 | 72,750 |
| 1981 – 2070 lá | 42,500 | 33,000 | 75,500 |
| 2071 – 2160 lá | 43,750 | 34,500 | 78,250 |
| **Níos mó ná 6 Bliana** | | | |
| 2161 – 2250 lá | 45,000 | 36,000 | 81,000 |
| 2251 – 2340 lá | 46,250 | 37,500 | 83,750 |
| 2341 – 2430 lá | 47,500 | 39,000 | 86,500 |
| 2431 – 2520 lá | 48,750 | 40,500 | 89,250 |
| **Níos mó ná 7 mBliana** | | | |
| 2521 – 2610 lá | 50,000 | 42,000 | 92,000 |
| 2611 – 2700 lá | 51,250 | 43,500 | 94,750 |
| 2701 – 2790 lá | 52,500 | 45,000 | 97,500 |
| 2791 – 2880 lá | 53,750 | 46,500 | 100,250 |
| **Níos mó ná 8 mBliana** | | | |
| 2881 – 2970 lá | 55,000 | 48,000 | 103,000 |
| 2971 – 3060 lá | 56,250 | 49,500 | 105,750 |
| 3061 – 3150 lá | 57,500 | 51,000 | 108,500 |
| 3151 – 3240 lá | 58,750 | 52,500 | 111,250 |
| **Níos mó ná 9 mBliana** | | | |
| 3241 – 3330 lá | 60,000 | 54,000 | 114,000 |
| 3331 – 3420 lá | 61,250 | 55,500 | 116,750 |
| 3421 – 3510 lá | 62,500 | 57,000 | 119,500 |
| 3511 – 3600 lá | 63,750 | 58,500 | 122,250 |
| **Níos mó ná 10 mBliana - 3601 lá agus os a chionn** | 65,000 | 60,000 | 125,000 |

# Aguisín 1

## Ráiteas Príobháideachais Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán

### Réamhrá

Bunaíodh Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán chun íocaíochtaí airgid agus cártaí leighis feabhsaithe nó íocaíochtaí tacaíochta sláinte a sholáthar do dhaoine incháilithe áirithe mar aitheantas ar an gcaoi ar fhulaing siad in Institiúidí Máithreacha agus Naíonán nó i dTeaghlaigh Chontae ("institiúid ábhartha").

Tá Oifig na Scéime Íocaíochta de chuid Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán (Oifig na Scéime Íocaíochta) freagrach as an Scéim Íocaíochta a riar thar ceann na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (an Roinn). Tá Príomhoifigeach Cinnteoireachta i gceannas ar Oifig na Scéime Íocaíochta, foireann atá lonnaithe sa Roinn, agus tá tacaíocht tríú páirtí á cur ar fáil ag comhlacht darb ainm RelateCare. Tá an dá fhoireann á stiúradh ag an bPríomhoifigeach Cinnteoireachta.

Is í an Roinn an Rialaitheoir Sonraí ar thaifid faoin Scéim Íocaíochta agus tá sí tiomanta do chearta agus príobháideacht daoine aonair (ar a dtugtar "ábhair sonraí") a chosaint de réir reachtaíocht um chosaint sonraí an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann. Cuirimid an-tábhacht ar láimhseáil cheart, dhleathach agus chothrom na sonraí pearsanta go léir, agus tá meas againn ar chearta dlíthiúla, ar phríobháideacht agus ar iontaoibh gach duine aonair lena ndéileálaimid.

Is é an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (General Data Protection Regulation (GDPR) 2016/6790) an tionscnamh is déanaí atá deartha chun dlíthe príobháideachta sonraí a chomhchuibhiú ar fud na hEorpa, chun príobháideacht sonraí saoránach uile an AE a chosaint agus a chumhachtú agus chun athmhúnlú a dhéanamh ar an mbealach a dtugann eagraíochtaí aghaidh ar phríobháideacht sonraí. Tá an GDPR i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018 agus léiríonn an polasaí ceanglais an GDPR agus Achtanna um Chosaint Sonraí na hÉireann.

Baineann an GDPR le haon eagraíocht a bhailíonn agus a stórálann sonraí pearsanta (rialaitheoir sonraí) agus le haon eagraíocht eile a oibríonn de réir threoracha an rialaitheora sonraí (próiseálaí sonraí) freisin. Caithfidh fostaithe, conraitheoirí,

comhairleoirí, gníomhairí agus tríú páirtithe a bhfuil rochtain acu ar shonraí pearsanta go díreach nó go hindíreach, cloí leis an reachtaíocht.

Méadaíonn an GDPR go suntasach na hoibleagáidí atá ar eagraíochtaí maidir leis an mbealach a mbailíonn, a n-úsáideann agus a gcosnaíonn siad sonraí pearsanta. Tá an-tábhacht ag baint leis an gceanglas ar eagraíochtaí a bheith go hiomlán trédhearcach faoin gcaoi a bhfuil siad ag úsáid agus ag cosaint sonraí pearsanta, agus a bheith in ann cuntasacht a léiriú as a ngníomhaíochtaí próiseála sonraí.

Tá tuilleadh faisnéise faoi chosaint sonraí ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (Data Protection Commission, DPC) ag dataprotection.ie

Tá aird ag Oifig na Scéime Íocaíochta agus an Roinn ar do phríobháideacht. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat conas a phróiseáiltear do chuid faisnéise pearsanta. Tugann an GDPR athruithe isteach a thugann níos mó smachta duit ar d'fhaisnéis phearsanta. Glac d'am chun an fógra seo a léamh go cúramach, le do thoil. Má tá aon cheist agat faoin gcaoi a n-úsáidimid do chuid faisnéise, déan teagmháil lenár nOifigeach Cosanta Sonraí le do thoil (sonraí thíos).

## Cuid 1: Cé muid féin

In 2021, d'fhaomh an Rialtas Plean Gníomhaíochta do Mharthanóirí agus Iarchónaitheoirí na bhForas Máithreacha agus Naíonán agus Teaghlaigh Contae a dhírigh ar roinnt téamaí lena n-áirítear: rochtain ar fhaisnéis phearsanta; cartlannú agus bunachair sonraí; oideachas agus taighde; cuimhneachán; aitheantas aisiríoch; agus adhlacthaí measúla. Tá sé mar aidhm ag an bPlean Gníomhaíochta aitheantas éigin a thabhairt d'fhulaingt shuntasach mhná na hÉireann agus a gcuid leanaí sna hinstitiúidí sin agus léiríonn sé ár dtuiscint ar an tionchar marthanach a bhí ag na heispéiris sin ar an-chuid saoránach ar a dteaghlaigh.

Tá Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán (an Scéim Íocaíochta) ina phríomhchuid de Phlean Gníomhaíochta an Rialtais. Bunaithe ar chomhairliúchán mionsonraithe le grúpaí daoine a tháinig slán as na hinstitiúidí, le hionchur ó Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, glacann an Scéim Íocaíochta cur chuige iomlánaíoch neamhsháraíochta maidir le soláthar íocaíochtaí agus sochar.

Achtaíodh an reachtaíocht atá mar bhonn leis an Scéim Íocaíochta, An tAcht um Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán 2023, an 11 Iúil 2023.

Beidh an Scéim Íocaíochta á riar ag Oifig na Scéime Íocaíochta atá comhdhéanta de (i) Foireann Oifige Feidhmiúcháin laistigh den Roinn agus (ii) foireann bainistithe cásanna, atá á chur ar fáil ag soláthraí tríú páirtí a fheidhmíonn mar phróiseálaithe don Roinn. Tá Príomhoifigeach Cinnteoireachta i gceannas ar Oifig na Scéime Íocaíochta. Ról reachtúil is ea é sin a bhaineann le riar agus maoirsiú na Scéim Íocaíochta, atá neamhspleách i leith a fheidhmeanna cinnteoireachta, ach atá ina chuid den Roinn.

Is í an Roinn an rialaitheoir sonraí do na sonraí pearsanta go léir a bhailítear don Scéim Íocaíochta.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar ghníomhaíochtaí Oifig na Scéime Íocaíochta, logáil isteach ar www.gov.ie/paymentscheme

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le hOifig na Scéime Íocaíochta ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

Trí ríomhphost: info@paymentscheme.ie

Ar an bhfón: +353 1 522 9992

Tríd an bpost: Bosca PO 13668, Port Láirge, Éire

## Cuid 2: An tOifigeach Cosanta Sonraí

Má tá imní ort faoina bhfuil ar bun againn le do shonraí pearsanta nó má theastaíonn aon fhaisnéis bhreise uait maidir le haon cheann dár bpolasaithe um chosaint sonraí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh lenár nOifigeach Cosanta Sonraí (Data Protection Officer, DPO) ar aon cheann de na bealaí seo a leanas:

Trí ríomhphost: dpocontact@equality.gov.ie

Ar an bhfón: (01) 647 3183

Tríd an bpost: Oifigeach Cosanta Sonraí
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Bloc 1
Plaza Miesach
50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 XWI4

# Cuid 3: Na cuspóirí a bhaineann le próiseáil do chuid sonraí pearsanta

## 3.1 Cén fáth a bpróiseálaimid do shonraí pearsanta?

Próiseálaimid faisnéis fút le haghaidh roinnt cuspóirí, lena n-áirítear na pointí seo a leanas:

- chun faisnéis a sholáthar duit faoin Scéim Íocaíochta má d'iarr tú é;
- chun dul i dteagmháil leat, más gá, maidir le d'fhiosrú nó chun freagra a thabhairt ar aon chumarsáid a d'fhéadfá a sheoladh;
- nuair a dhéanann tú éileamh ar dhámhachtain faoin Scéim Íocaíochta, tríd an bpost nó ar líne, agus nuair a fhaigheann tú dámhachtain faoin Scéim Íocaíochta ina dhiaidh sin;
- nuair a dheimhnímid d'éileamh ó na taifid a choinnítear laistigh den Chartlann de chuid an Choimisiúin Imscrúdúcháin nó taifid ó fhoinsí faisnéise;
- nuair a dhéanaimid íocaíocht leat;
- nuair a chuirimid in iúl do FSS go bhfuil tú i dteideal cárta leighis feabhsaithe;
- má thugann tú fógra dúinn faoi athrú ar do shonraí nó ar do chúinsí;
- chun freagra a thabhairt ar chomhfhreagras go díreach uaitse, nó ó dhaoine eile atá ceadaithe gníomhú ar do shon;
- chun freagra a thabhairt ar Cheisteanna Parlaiminte;
- mar a bhfuilimid i mbun aon phróiseas comhairliúcháin;
- sa chás go bhfuil tú i d'ábhar do chás dlí a bhaineann leis an Roinn;
- le haghaidh stórála sonraí pearsanta (lena n-áirítear sonraí oidhreachta), ag brath ar ár gcuid riachtanas coinneála agus cartlannaithe.

Mar atá curtha in iúl san intreoir, tá RelateCare ag tacú le soláthar Oifig na Scéime Íocaíochta trí sholáthar bainistithe cásanna agus seirbhísí lárionaid glaonna. Dá bharr sin, déanann siad sonraí pearsanta a bhaineann leis an Scéim a phróiseáil. Tá RelateCare ina phróiseálaí sonraí agus tá fo-phróiseálaí darb ainm TEKenable

á fhostú acu chun Córas Bainistithe Cásanna na Scéime Íocaíochta a fhorbairt agus a chothabháil. Tá na socruithe le RelateCare mar phróiseálaí sonraí faoi réir conartha agus Comhaontaithe Próiseála Sonraí.

## 3.2 Cad iad na cineálacha sonraí pearsanta a bhailímid?

Seo a leanas sonraí pearsanta a fhéadfaimid bailiú:

- d'ainm;
- do sheoladh;
- do dháta breithe;
- d'uimhir theileafóin;
- do sheoladh ríomhphoist;
- d'Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí; agus
- faisnéis airgeadais áirithe (i.e. sonraí cuntais bainc).

Seo a leanas sonraí pearsanta Catagóirí Speisialta a bhailímid faoi Alt 9(2)(g) de GPDR:

- ainm na hinstitiúide/ainmneacha na n-institiúidí ina raibh cónaí ort;
- dáta(í) teachta agus dáta(í) imeachta na n-institiúidí ábhartha;
- faisnéis eile a bhaineann le d'áit chónaithe in institiúid (e.g. asláithreachtaí sealadacha)

Bainfear úsáid as trí phríomhfhoinse sonraí agus iarratais á bpróiseáil: na hiarratasóirí féin; cartlann agus bunachar sonraí Choimisiún na bhForas Máithreacha agus Naíonán; agus na taifid atá le 'Foinsí Eolais'. Seo a leanas samplaí de 'Fhoinsí Eolais':

- Údarás áitiúil
- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
- An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach
- Údarás Uchtála na hÉireann
- An Chartlann Náisiúnta

### 3.3 Cad é an bonn dleathach ar a ndéanaimid do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil?

Is iad seo a leanas na príomhphíosaí reachtaíochta atá mar bhonn agus mar thaca ag croífheidhmeanna na hOifige Feidhmiúcháin, agus a cheadaíonn próiseáil sonraí pearsanta dár gcuid féin, nó thar ár gceann:

- An tAcht um Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán 2023
- An tAcht um Choimisiúin Imscrúdúcháin 2004
- An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, Alt 6(1)(e) agus Alt 9(2)(g)

Tá an Príomhoifigeach Cinnteoireachta i dteideal sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil faoin Acht um Scéim Íocaíochta na bhForas Máithreacha agus Naíonán 2023 (Alt 52). Is féidir an fheidhm seo a tharmligean chuig Foireann na hOifige Feidhmiúcháin nó chuig aon duine eile, mar shampla an Fhoireann Bainistithe Cásanna a bhfuil comhaontú ag an Aire léi, faoi réir mhaoirseacht ghinearálta agus rialú ginearálta an Phríomhoifigigh Cinnteoireachta. Foráiltear sin in Ailt 9 agus 11 den Acht.

**Tabhair faoi deara:** Tá Measúnacht Tionchair ar Chosaint Sonraí déanta ag an Roinn sular cuireadh tús le haon ghníomhaíocht próiseála sonraí laistigh d'Oifig na Scéime Íocaíochta. Ag teacht leis an GDPR, chuaigh an Roinn i gcomhairle lena hOifigeach Cosanta Sonraí agus leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí sular cuireadh tús leis an ngníomhaíocht próiseála sonraí nua sin. Tá an Mheasúnacht Tionchair ar Chosaint Sonraí ar fáil anseo: www.gov.ie/paymentscheme.

## Cuid 4: Cá bhfuil do chuid sonraí pearsanta stóráilte?

### 4.1 Stóráil leictreonach

Féadfar sonraí pearsanta a stóráil go leictreonach ar Chóras Bainistithe Cásanna Oifig na Scéime Íocaíochta arna óstáil ag ár bpróiseálaithe. Féadfar é a stóráil ar chórais TFC na Roinne freisin. Tá na córais seo á gcosaint go hiomlán ag bogearraí frithvíreas agus frithmhailíseacha. Áirítear na rudaí seo a leanas le sonraí leictreonacha: cóipeanna scanta d'fhoirmeacha iarratais, faisnéis teagmhála, faisnéis airgeadais, sonraí teaghlaigh, taifid sláinte (más bainteach),

cóipeanna de thaifid institiúideacha, cóipeanna de chomhfhreagras leictreonach, mionnscríbhinní, tarscaoiltí dlíthiúla agus stair éileamh.

Tá rochtain ar shonraí pearsanta teoranta do na baill foirne siúd a dteastaíonn an fhaisnéis uathu chun a gcuid dualgas oifigiúil a chomhlíonadh. Tá rochtain á rialú ag an gceanglas ainm úsáideora agus pasfhocal uathúil a bheith agat le haghaidh logáil isteach, agus ainmneacha úsáideora á nascadh leis na ceadanna íosta is gá chun ligean don bhall foirne oibriú i dtimpeallacht shlán agus rochtain a fháil ar na sonraí pearsanta a theastaíonn uathu amháin.

### 4.2 Stóráil cruachóipeanna (páipéir) de chomhaid

Sa chás go gcoimeádann Oifig na Scéime Íocaíochta taifid pháipéir ina bhfuil do shonraí pearsanta, stóráiltear iad i gcomhaid aonair atá daingnithe ar áitribh ina bhfuil rochtain ag foireann Oifig na Scéime Íocaíochta amháin orthu. Baintear é sin amach trí shlándáil fhisiciúil, ina mbíonn rochtain ar oifig le svaidhpchárta nó le cárta rochtana agus ina ndéantar cuairteoirí a a scagadh agus a shíniú isteach in éineacht le ball foirne, ionas nach féidir leo rochtain a fháil ar aon sonraí pearsanta atá stóráilte againn. Cuireann Oifig na Scéime Íocaíochta beartas deisce glaine chun cinn.

### 4.3 Stóráil sheachtrach shlán

Féadfar comhaid neamhghníomhacha agus oidhreachta a choinneáil i stóráil sheachtrach shlán, faoi chonradh. Beidh rochtain ag líon teoranta ball foirne, agus déantar aistriú comhad idir Oifig na Scéime Íocaíochta agus stóráil sheachtrach de réir prótacail agus faoi mhaoirseacht dhian.

## Cuid 5: Roinnt sonraí pearsanta

### 5.1 Catagóirí na bhfaighteoirí a bhféadfaimid do chuid sonraí pearsanta a roinnt leo

Féadfaidh an Roinn do shonraí a roinnt le heagraíochtaí éagsúla, ach amháin nuair atá sé ceadaithe faoin dlí, agus nuair is gá chun faisnéis a fhíorú. Go ginearálta, is iad seo a leanas na cineálacha eagraíochtaí a mbeadh an Roinn ag roinnt eolais leo de ghnáth:

- Comhlachtaí nó gníomhaireachtaí eile san earnáil phoiblí chun críche taifid a fhíorú amhail Tusla, FSS, Oifig an Chláraitheora Ghinearálta, Údaráis Áitiúla, Údarás Uchtála na hÉireann.
- Rialaitheoirí nó údaráis mhaoirseachta.
- Comhairleoirí TF, conraitheoirí tríú páirtí ar conradh ag an Roinn, sa chás go bhfuil siad ag obair ar chórais agus próisis láimhseála sonraí.
- FSS, sa chás go bhfuil tú i dteideal cárta leighis feabhsaithe faoin Scéim Íocaíochta.

# Cuid 6: Aistriú sonraí pearsanta

## 6.1 An stórálfar do chuid sonraí pearsanta lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch?

Ní stórálfar do shonraí pearsanta lasmuigh den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (AE 27, an Íoslainn, an Iorua agus Lichtinstéin) go ginearálta.

## 6.2 An aistreoimid do chuid sonraí lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch?

Ní aistreoimid faisnéis a bhaineann leat chuig tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

## 6.3 An bhfuil aon chosaintí oiriúnacha eile ann?

Ní fhéadfar sonraí pearsanta a aistriú ach amháin sa chás go gcuirtear consaintí iomhcuí ar fáil, ar an gcoinníol go bhfuil cearta infheidhmithe d'ábhar sonraí agus leigheasanna éifeachtacha dlí ar fáil. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith i gceist le cosaintí cuí:

- ionstraimí atá ceangailteach ó thaobh dlí agus infheidhmithe idir údaráis/ comhlachtaí poiblí;
- rialacha corparáideacha ceangailteacha;
- clásail chaighdeánacha um chosaint sonraí arna nglacadh ag Údarás Maoirseachta agus arna bhfaomhadh nó arna nglacadh ag Coimisiún an AE;

- clásail chaighdeánacha chonarthacha idir an rialaitheoir/próiseálaí agus an faighteoir sa tríú tír nó san eagraíocht idirnáisiúnta.

## Cuid 7: Coinneáil – cá fhad a choinneoimid do chuid sonraí pearsanta?

De réir an dea-chleachtais maidir le cosaint sonraí, níor cheart d'eagraíochtaí sonraí pearsanta a stóráil ar feadh tréimhse níos faide ná mar is gá.

Tá Oifig na Scéime Íocaíochta freagrach as na sonraí pearsanta a bhailíonn sí ar chúiseanna gnó, lena n-áirítear na sonraí nach gá a choinneáil go deo.

Is taifid Roinne iad na taifid faoin Scéim agus, dá bharr sin, is de réir an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986 a choinneofar iad. Áirítear leis sin sonraí pearsanta arna bpróiseáil ag Oifig na Scéime Íocaíochta nó thar a ceann. Bhí agus beidh an Roinn ag obair leis an gCartlann Náisiúnta chun tréimhsí coinneála a socrú thar gach aicme ábhartha taifead. Déanfar polasaí coinneála agus sceideal coinneála Oifig na Scéime Íocaíochta a nuashonrú le go mbeadh aon athruithe ceadaithe coinneála agus treoracha a eisíonn an Chartlann Náisiúnta le feiceáil.

Ar an mórgóir, toisc iad a bheith ina dtaifid roinne, coinneofar iarratais incháilithe faoin scéim ar feadh 7 mbliana. Ansin déanfar iad a athbhreithniú, agus d'fhéadfaí iad a chartlannú de réir an an Achta um Chartlann Náisiúnta 1986.

I gcás iarratais nach n-éiríonn leo, nó iarratais neamhiomlána, coinneofar iad ar feadh 6 bliana agus ansin scriosfar iad ag brath ar chead ón gCartlann Náisiúnta.

## Cuid 8: Do chearta mar ábhar sonraí

Tá cearta áirithe ag gach ábhar sonraí a théann i dteagmháil leis an Roinn, le hOifig na Scéime Íocaíochta agus lena próiseálaithe faoi reachtaíocht an AE (GDPR) agus faoi reachtaíocht na hÉireann maidir le cosaint sonraí. Tá treoir maidir le cearta daoine aonair ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí ar www.dataprotection.ie. Seo thíos achoimre ar do chearta:

## 8.1 Ceart rochtana

Féadfaidh tú iarratas foirmiúil a dhéanamh ar chóip de do chuid sonraí pearsanta atá á bpróiseáil ag Oifig na Scéime Íocaíochta. Beidh orainn d'aitheantas a dheimhniú ar dtús, mar ní féidir linn do shonraí pearsanta a thabhairt do dhaoine eile (ach amháin trí iarratas sonrach). Nuair a bheidh d'aitheantas fíoraithe againn, féachfaimid leis an bhfaisnéis a d'iarr tú a fháil chomh luath agus is féidir, ach ar a dhéanaí laistigh de mhí amháin ón iarratas a fháil.

I gcás iarratais chasta, nó sa chás go bhfuil líon mór iarratas ann, féadfaimid síneadh ama de dhá mhí bhreise a chur lenár sprioc chun freagra a thabhairt, ach ní mór dúinn a rá leat go bhfuilimid chun déanamh amhlaidh laistigh den chéad mhí, mar aon leis an gcúis atá leis an moill. Mura bhfuilimid chun freagra a thabhairt ar d'iarratas, ní mór dúinn é sin a insint duit laistigh de mhí amháin. Ní mór dúinn a mheabhrú duit go bhfuil an rogha agat gearán a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Má dhéanann tú iarratas leictreonach, d'fhéadfadh go n-iarrfar orainn freagra leictreonach a thabhairt duit, ach amháin más é a mhalairt atá uait.

Caithfidh aon rud a dhéanaimid mar fhreagra ar d'iarratas agus aon fhaisnéis a thugaimid duit a bheith saor in aisce. Má dhéanann tú iarratais iomarcacha (e.g. an ceann céanna a dhéanamh arís agus arís eile) nó mura bhfuil aon bhunús le do chuid iarratas, féadfaimid táille a ghearradh ort nó diúltú gníomhú ina leith.

Mar gheall ar mhéid agus ar chineál ár réimsí oibríochta, d'fhéadfaimis iarraidh ort d'iarratas a shoiléiriú. Ba mhór an cúnamh dúinn dá mbeifeá chomh sonrach agus is féidir agus tú ag déileáil linn.

Tá Beartas um Chearta Ábhar Sonraí agus Foirm Iarratais Rochtana ó Dhuine ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne agus ar shuíomh gréasáin Oifig na Scéime Íocaíochta ag www.gov.ie/paymentscheme, nó tig leat iad a iarraidh.

## 8.2 An ceart go ndéanfaí ceartúcháin

Tá Oifig na Scéime Íocaíochta tiomanta sonraí cruinne a choinneáil fút agus cuirfidh sí próisis agus nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú gur féidir leat do chuid sonraí a cheartú nuair a aithnítear míchruinneas.

## 8.3 An ceart go ndéanfaí léirscriosadh (an ceart go ligfí i ndearmad)

Cuirfear srian leis an gceart go ndéanfaí léirscriosadh agus/nó scriosadh ar an mbonn go bhfuil na taifid a phróiseáiltear agus an Scéim Íocaíochta á cur i bhfeidhm faoi réir oibleagáidí cartlainne mar atá leagtha síos don Roinn. Mar sin féin, beidh próiseas ann chun faisnéis neamhriachtanach a a scriosadh roimh chartlannú.

## 8.4 An ceart go gcuirfí srian le próiseáil

Déanfaidh Oifig na Scéime Íocaíochta nósanna imeachta cuí a chur i bhfeidhm agus a chothabháil chun a mheas an féidir d'iarratas go gcuirfí srian le próiseáil do shonraí a chur i bhfeidhm. Sa chás go gcuirtear an t-iarratas ar shrianadh ar i gcrích, scríobhfaidh an Roinn chugat chun a dheimhniú go bhfuil an srian curtha i bhfeidhm agus cathain a bhainfear an srian.

## 8.5 An ceart chun agóid a dhéanamh

Tá sé de cheart agat agóid a dhéanamh in aghaidh phróiseáil do shonraí pearsanta i gcúinsí áirithe. Sa chás go bhfaighfear agóid den sórt sin, déanfaidh an Oifig Feidhmiúcháin an cás a mheasúnú ina cháil féin.

## 8.6 An ceart chun gearán a dhéanamh

Mura bhfuil tú sásta leis an gcaoi ar phróiseáil Oifig na Scéime Íocaíochta iarratas a rinne tú, déanfaimid gach iarracht cabhrú leat aon saincheisteanna a ardaíodh a réiteach. I gcúinsí dá leithéid ba chóir duit dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí.

Trí ríomhphost: dpocontact@equality.gov.ie

Tríd an bpost: An tAonad um Chosaint Sonraí
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Bloc 1
Plaza Miesach
50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 XWI4

Tá sé de cheart agat freisin gearán a dhéanamh go díreach leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (Data Protection Commission, DPC). Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an DPC mar seo a leanas:

Tríd an bpost: 21 Cearnóg Mhic Liam Theas
Baile Átha Cliath 2
D02 RD28
Éire

Trí ríomhphost: info@dataprotection.ie

Ar líne: www.dataprotection.ie

Ar an bhfón: 01 7650100 nó uimhir íosghlao 1800 437 737

## Conas teagmháil a dhéanamh linn

Má tá aon cheist agat faoin bpolasaí seo, déan teagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (Data Protection Officer, DPO), le do thoil. Is féidir teagmháil a dhéanamh le DPO na Roinne ag dpocontact@equality.gov.ie.

## Conas do chearta a fheidhmiú

Tá tú i dteideal na cearta thuasluaite a fheidhmiú. Is féidir leat iarratas a dhéanamh faoi aon cheann de na cearta sin ach theagmháil a dhéanamh le hAonad Cosanta Sonraí na Roinne ag an seoladh seo:

Trí ríomhphost: dpocontact@equality.gov.ie

Tríd an bpost: Oifigeach Cosanta Sonraí
An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Bloc 1
Plaza Miesach
50-58 Sráid Bhagóid Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
D02 XWI4

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland